Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann
Insolvency Service of Ireland

ISI

Dul i ngleic le fiachas fadhbach, le chéile

Tuarascáil Bhliantúil 2020

Tús úr do dhaoine a bhfuil fiachais orthu

Tús úr do dhaoine a bhfuil fiachais orthu

Clár Ábhar

1 Brollach ón Stiúrthóir 2
2 An tSeirbhís Dócmhainneachta – Na Nithe a Dhéanaimid 3
3 An tSeirbhís Dócmhainneachta – Cé Sinn 4
4 Grafaicí Faisnéise – Staitisticí don Bhliain 2020 ar Sracfhéachaint 5
5 Oibríochtaí 6
6 Reachtaíocht 12
7 Cumarsáid 13
8 Abhaile 14
9 Geallsealbhóirí 18
10 An tEolas Corparáideach is Déanaí 21
11 Aguisín 1: Cás-Staidéir 24
Aguisín 2: Tuilleadh mionsonraí agus na príomhstaitisticí – Fógraí Faoisimh Fiachais, Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta 29
Aguisín 3: Tuilleadh mionsonraí agus na príomhstaitisticí – Beartas agus Rialáil 31
Aguisín 4: Tuilleadh mionsonraí agus na príomhstaitisticí – Féimheacht 32
12 Aguisín 5: Gluais téarmaí 34

1 Brollach ón Stiúrthóir

Mar Stiúrthóir ar Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil uainn don bhliain 2020 a chur i láthair.

Tá an tuarascáil uainn á cur i láthair ag am ina leanann Covid-19 le difear ollmhór a dhéanamh dár ngnáthshaol laethúil, agus éiginnteacht ann go fóill maidir leis an tionchar fadtéarmach a bheidh aige ar ár ngeilleagar. Bhí a lán daoine ag streachailt le fiachais neamh-inbhuanaithe cheana féin roimh ráig Covid-19. Tá seans ann go ngéarófar ar na fadhbanna sin agus go gcruthófar fadhbanna nua fiachais do dhaoine eile de bharr thionchar eacnamaíoch Covid-19, go háirithe nuair a laghdófar na bearta tacaíochta airgeadais éigeandála atá ann cheana. Is ann don chreat dócmhainneachta pearsanta chun cabhrú le daoine a mbuaileann mórdheacracht airgeadais iad sna himthosca sin.

Sa chomhthéacs sin, fáiltíonn an tSeirbhís Dócmhainneachta roimh fhoilsiú an Bhille um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2020. Foráiltear leis an mBille d'athruithe an-tábhachtach agus an-dearfach a dhéanamh ar an reachtaíocht, ar dá mbarr a thabharfar rochtain níos leithne d'fhéichiúnaithe ar an gcreat dócmhainneachta agus a thabharfar isteach roinnt athchóirithe atá ceaptha chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán an phróisis. Fáiltímid freisin roimh an ngealltanas ón Aire Dlí agus Cirt na hathruithe sin a fhorlíonadh le hathchóirithe eile a breithníodh san athbhreithniú reachtúil ar an reachtaíocht. Táimid ag tnúth le leanúint le bheith ag obair leis an Aire agus leis an Roinn Dlí agus Cirt chun na hathchóirithe sin agus athchóirithe eile a bhaineann leis an bhféimheacht a chur chun feidhme a luaithe is féidir.

Tháinig roinnt dúshlán lóistíochúil don tSeirbhís Dócmhainneachta agus don chreat i gcoitinne as na srianta a tugadh isteach chun an phaindéim a chomhrac. A bhuí le díograis ár mball foirne agus leis an gcúnamh agus an comhar a fuaireamar ónár ngeallsealbhóirí uile, áfach, bhí an creat fós i mbun feidhme agus ar fáil dóibh sin ar theastaigh uathu é. Idir chomhairliúcháin físchomhdhála a bheith á dtairiscint ag cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta d'fhéichiúnaithe agus éisteachtaí cúirte dócmhainneachta a bheith á dtionól go cianda, d'éirigh lenár ngeallsealbhóirí uile oiriúnú do na himthosca an-athraithe. Go deimhin, gnóthaíodh éifeachtúlachtaí ó roinnt de na bearta nuálacha a rinneadh de bharr na srianta agus tá súil againn go gcoinneofar na bearta sin ar bun tar éis na paindéime.

Bhí tionchar ag an bpaindéim ar ghníomhaíocht sa bhliain 2020, áfach, agus bhí laghdú ann ar an líon deimhnithe cosantacha, réiteach dócmhainneachta agus breithnithe féimheachta lena linn i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2019. Beag beann ar na dúshláin lóistíochúla, is fiú a thabhairt faoi deara nár tháinig ach laghdú beag 3% ar an líon Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta – an réiteach lena ndéileáiltear le fiachas morgáiste de ghnáth – a eisíodh sa bhliain i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain roimhe. Is léiriú soiléir é sin ar iarrachtaí agus comhoibriú na ndaoine uile a bhí i gceist.

Leanamar le hinfheistiú inár gcórais TFC le linn na bliana 2020. Tháinig Phoenix, ár gcóras nua bainistíochta cásanna dócmhainneachta, i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair agus soláthraítear leis éifeachtúlachtaí suntasacha d'úsáideoirí inmheánacha agus seachtracha araon tríd an bpróiseas iarratais ar dhócmhainneacht a chuíchóiriú. Chuireamar tús le tionscadal chun ár gcóras bainistíochta cásanna féimheachta a uasghrádú freisin. Cuirfidh sé sin arís eile le riarachán éifeachtúil eastát féimheachta chun tairbhe d'fhéichiúnaithe agus do chreidiúnaithe araon.

I mí an Mhárta 2020, tháinig painéal nua Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta Abhaile i bhfeidhm tar éis téarmaí agus coinníollacha na scéime a athbhreithniú. Tríd an scéim, leantar le dul i dteagmháil go rathúil le daoine atá níos mó ná dhá bhliain chun deiridh le fiachais, agus achoimrítear sa tuarascáil seo an glacadh leis an scéim agus na torthaí atá á nginiúint uaithi.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár mbaill foirne a d'oibrigh go han-chrua in imthosca an-deacair le 12 mhí anuas chun a chinntiú gur lean an tSeirbhís Dócmhainneachta lena cuid seirbhísí a sholáthar. Gabhaim buíochas freisin lenár ngeallsealbhóirí as a dtacaíocht agus solúbthacht leanúnach agus táim ag tnúth le hobair i gcomhar leo arís eile sa bhliain 2021.

Michael McNaughton
Aibreán 2021

2 An tSeirbhís Dócmhainneachta – Na Nithe a Dhéanaimid

Comhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh sa bhliain 2013 chun déileáil le dócmhainneacht phearsanta is ea Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Tá sé mar aidhm againn daoine a dhéanamh sócmhainneach arís agus iad a fhilleadh ar pháirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch.

Tá príomhfheidhmeanna na Seirbhíse Dócmhainneachta leagtha amach in alt 9 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (an "tAcht"). Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna sin:

- an córas atá ar bun chun tacú leis na trí rogha eile ar fhéimheacht – Fógra Faoisimh Fiachais, Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta – a oibriú
- eastáit féimheach a riar
- rialáil a dhéanamh ar chleachtóirí údaraithe ar fud na tíre a thairgeann comhairle maidir le dócmhainneacht phearsanta agus a thugann cúnamh d'fhéichiúnaithe agus Fógra Faoisimh Fiachais, Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta á lorg acu
- feasacht agus tuiscint an phobail a chur chun cinn ar na réitigh dhócmhainneachta pearsanta atá ar fáil do dhaoine
- treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint i dtaobh cad is caighdeán maireachtála réasúnach agus caiteachais mhaireachtála réasúnacha ann d'fhéichiúnaithe
- cuidiú le forbairt beartais sa réimse dócmhainneachta pearsanta

3 An tSeirbhís Dócmhainneachta – Cé Sinn

Michael McNaughton
Stiúrthóir

Freagrach as foireann, riarachán agus gnó na Seirbhíse Dócmhainneachta a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne.

Trevor Noonan
Bainistíocht Cásanna

Freagrach as bainistiú agus próiseáil a dhéanamh ar na trí réiteach faoisimh fiachais faoi na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 go 2015, agus as an Líne Faisnéise a oibriú.

Liza Doyle
Seirbhísí Dlí

Freagrach as seirbhísí dlí a sholáthar do gach rannóg de chuid na Seirbhíse Dócmhainneachta.

Ian Larkin[1]
Sannaí Oifigiúil Féimheacht

Freagrach as eastáit féimheachta a riar faoi na hAchtanna Féimheachta, 1988 go 2015.

John Phelan[2]
Beartas, Rialáil agus Gnóthaí Corparáideacha

Freagrach as forbairt taighde agus beartais, as rialáil agus maoirseacht a dhéanamh ar Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus ar idirghabhálaithe ceadaithe, as gach ní rialachais agus as raon seirbhísí tacaíochta a sholáthar.

[1] Thosaigh Ian Larkin ag obair sa tSeirbhís Dócmhainneachta i mí na Samhna 2020, agus áit Chris Lehane, iar-Shannaí Oifigiúil, á glacadh aige

[2] Thosaigh John Phelan ag obair sa tSeirbhís Dócmhainneachta i mí Aibreáin 2020, agus áit Cormac Keating á glacadh aige.

4 Grafaicí faisnéise

Staitisticí don Bhliain 2020 ar Sracfhéachaint

1,402

an líon deimhnithe cosantacha a eisíodh ar bhain 85% díobh le Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta, an réiteach lena ndéileáiltear le fiachas morgáiste

Léirítear sa sampla ionadaíoch ón **Anailís Iniúchta Dhomhain a rinneadh ar Abhaile** sa bhliain 2020 gurb amhlaidh, de na hiasachtaithe sin a bhain leas as Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, gur éirigh le **98%** díobh téarmaí a áirithiú a d'fhág go raibh siad in ann fanacht san áras teaghlaigh agus gur éirigh le **39%** d'fhéichiúnaithe laghdú a áirithiú ina bhfiachas morgáiste trí laghdú na príomhshuime.

1,362

an líon réiteach fiachais a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2020

85 Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta + 11 Idirghabhálaí Cheadaithe a Ceadaíodh

1,833

an líon ceann de dhearbháin Abhaile a eisíodh do chomhairliúchán saor in aisce le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta

Breithníodh 130 duine ina bhféimheach agus chuaigh 262 duine amach as féimheacht

€2,866,617

luach na ndíbhinní a íocadh amach as eastáit féimheachta le creidiúnaithe

188,296

an líon cuairteoirí ar shuíomhanna Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta

Bhí 88% de chuairteoirí ar Back on Track ina gcuairteoirí nua

Chuathas i dteagmháil le breis agus 800 paróiste agus 39 eagraíocht meabhairshláinte chun mionsonraí a thabhairt dóibh faoin gcabhair atá ar fáil tríd an tSeirbhís Dócmhainneachta

402 an líon ceann nua d'iarratais alt 115A a taisceadh sa bhliain 2020, síos ó 432 ceann sa bhliain 2019

5 Oibríochtaí

Riarann an tSeirbhís Dócmhainneachta ceithre scéim ar leith chun daoine a bhfuil fiachais orthu a chumasú a bhfadhbanna fiachais a réiteach, is iad sin: Fógra Faoisimh Fiachais, Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais, Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, agus Féimheacht. D'éascaigh an tSeirbhís Dócmhainneachta breis agus 11,000 réiteach le haghaidh féichiúnaithe dócmhainneacha ó bunaíodh níos mó ná seacht mbliana í[3].

Deimhnithe Cosantacha agus na socruithe a ndearnadh difear dóibh de bharr Covid-19

B'ísle an líon Deimhnithe Cosantacha a eisíodh sa bhliain 2020 ná sa bhliain 2019. Ceann de na príomhchúiseanna leis sin ba ea an éiginnteacht a tháinig chun cinn de bharr phaindéim Covid-19, ar lena linn a cuireadh iarratais nua siar agus a cuireadh iad sin a bhí os comhair na gCúirteanna cheana féin ar atráth go dtí go mbeadh tuilleadh cinnteachta ann, rud a chabhródh le réiteach fiachais níos inbhuanaithe a bhaint amach sa todhchaí.



Fíor 1: *Comhshocraíochtaí Ceadaithe Dócmhainneachta agus Féimheachtaí Ceadaithe (2016-2020)*



Fíor 2a: *Treochtaí le Déanaí – Deimhnithe Cosantacha*

[3] Déantar staitisticí mionsonraithe lena gcumhdaítear obair na Seirbhíse Dócmhainneachta a fhoilsiú ar bhonn ráithiúil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta anseo



Fíor 2b: *Treochtaí le Déanaí – Comhshocraíochtaí*



Fíor 3: *Treochtaí le Déanaí – Iarratais Nua*



Fíor 4: *An Líon Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus an Líon Deimhnithe Cosantacha a bhain siad amach, 2020*



Fíor 5: *An Líon Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus an Líon Comhshocraíochtaí a bhain siad amach, 2020*

Féimheacht

Cásanna féimheachta a ndearnadh difear dóibh de bharr Covid-19

Chuaigh 130 duine isteach i bhFéimheacht sa bhliain 2020, rud atá cothrom le laghdú 50% ar an 263 duine sa bhliain 2019. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurbh ísle an líon féimheachtaí in Éirinn (arna choigeartú don daonra) ná an líon i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann, na dlínsí inchomparáide is gaire dúinn.

Figiúirí féimheachta do na blianta 2020 agus 2019 – Éire agus Dlínsí Inchomparáide

Dlínse	2020 Féimheachtaí	2019 Féimheachtaí
Éire	130	263
Sasana agus an Bhreatain Bheag	14,112	16,742
Tuaisceart Éireann	204	625

Níor breithníodh ach líon beag daoine aonair ina bhféimheach ó thús mhí an Mhárta 2020 i leith. Ba ag an am sin, ar ndóigh, a thug an Rialtas bearta éigeandála isteach chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim Covid-19 agus chun tionchar eacnamaíoch na paindéime a mhaolú. Áiríodh iad seo a leanas leis na bearta sin:

- Tacaíocht airgeadais do dhaoine aonair agus gnólachtaí a bhí i mbaol ioncam a chailleadh de bharr na paindéime, agus bearta éigeandála gaolmhara;
- Bearta dianghlasála agus srianta taistil;
- Cur isteach ar an líon éisteachtaí féimheachta a tionóladh, agus a bhí le tionól, san Ard-Chúirt.

Tá an laghdú ag teacht leis an treocht a chonacthas i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann ó thaobh Féimheachtaí de sa bhliain 2020, de réir na staitisticí táscacha uathu ag deireadh na bliana.

Comhar Méadaithe le hInstitiúidí Airgeadais

Fáiltíonn an Sannaí Oifigiúil roimh an rannpháirtíocht mhéadaithe agus an comhar méadaithe a dtéann institiúidí airgeadais ina mbun i gcomhar leis an Oifig seo; cabhróidh sé sin le sócmhainní a réadú go tapa.

€5.69 m — €5,691,978 luach na sócmhainní a réadaíodh

€2.87 m — €2,866,617 luach na ndíbhinní a eisíodh chuig creidiúnaithe

262 — an líon daoine a chuaigh amach as féimheacht

130 — an líon féimheach nua

105 — an líon áras a athdhílsíodh don iarfhéimheach

23 — an líon Orduithe Íocaíochta Féimheachta a cheadaigh an Ard-Chúirt

14 — an líon orduithe fadaithe (10 nOrdú Eatramhacha agus 4 Ordú Deiridh) a rinne an Ard-Chúirt ar an téarma féimheachta de bharr neamhchomhlíonadh

An Bhliain atá Romhainn

Le cúnamh ón tSeirbhís Chúirteanna, thosaigh an Ard-Chúirt ag tionól éisteachtaí ar líne do roinnt cineálacha difriúla iarratas ar Fhéimheacht. Is beart dearfach é sin agus cumasaíonn sé d'fhéichiúnaithe leas a bhaint as tairbhí an chórais Féimheachta.

Tá an Sannaí Oifigiúil ag tnúth le tionscadal nua a thosú sa bhliain 2021 chun an córas bainistíochta cásanna Féimheachta a uasghrádú. Leanfaidh an Rannóg le faireachán a dhéanamh ar a cuid oibríochtaí, agus le iad a fheabhsú, ar mhaithe le cur chuige nuálach éifeachtúil a chothú i leith a cuid spriocanna agus cuspóirí gnó a bhaint amach. Ba cheart go rannchuideodh an obair sin le heastáit a bhainistiú ar bhealach rianúil, agus tairbhí an chórais Féimheachta á soláthar d'fhéichiúnaithe, le sócmhainní a réadú go pras agus le díbhinní a íoc go pras le creidiúnaithe.

Dócmhainneacht - alt 115A

Athbhreithniú ar Chomhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta ar diúltaíodh dóibh (athbhreithnithe alt 115A)

A bhuí le leasú a rinneadh ar an Acht ag deireadh na bliana 2015, féadfar Comhshocraíochtaí beartaithe Dócmhainneachta Pearsanta ar diúltaíodh dóibh ag an gcruinniú reachtúil creidiúnaithe a chur faoi réir athbhreithniú ón gcúirt anois. Ar threoir a fháil ó fhéichiúnaí, féadfaidh Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta iarratas a dhéanamh ar ordú ón gcúirt lena ndeimhnítear teacht i bhfeidhm na Comhshocraíochta beartaithe Dócmhainneachta Pearsanta. I gcás go n-éireoidh leis an athbhreithniú ón gcúirt, deonóidh an chúirt an t-ordú sin agus tiocfaidh an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta i bhfeidhm. Léirítear sa tábla thíos an líon iarratas ar athbhreithniú alt 115A a fuarthas agus a cuireadh ar aghaidh suas go deireadh na bliana 2020 agus stádas na n-iarratas sin. Tá an líon iarratas a rinneadh sa bhliain 2020 (402 ceann) beagáinín níos ísle ná an figiúr don bhliain 2019 (432 ceann); comhfhreagraíonn an laghdú sin do laghdú ginearálta ar an líon iarratas a rinneadh ar fhaoiseamh fiachais le linn na bliana 2020 mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Rud eile a d'fhéadfadh a bheith

Athbhreithnithe Alt 115A ón gCúirt amhail deireadh mhí na Nollag 2020

Comhshocraíochtaí a Ceadaíodh	Tar éis Athbhreithnithe	Tar éis Athbhreithnithe- Tá Achomharc ó Chreidiúnaí Gníomhach	Deimhníodh tar éis Achomhairc ó Chreidiúnaí	Tar éis Achomhairc ó Fhéichiúnaí	Iomlán	%
Gan Agóid a Fháil	280				280	
Ar Thoiliú	87		6	31	124	
Ar Thoiliú Faoi Réir Athrú	94		1	46	141	
Tar éis Agóid a Fháil	164	4	14	32	214	
Iomlán na gComhshocraíochtaí a Ceadaíodh	**625**	**4**	**21**	**109**	**759**	**48%**

Comhshocraíochtaí Nár Ceadaíodh	Tar éis Athbhreithnithe	Tar éis Athbhreithnithe- Tá Achomharc ó Fhéichiúnaí Gníomhach	Cúlghaireadh tar éis Achomhairc ó Chreidiúnaí	Tar éis Achomhairc ó Fhéichiúnaí	Iomlán	%
De bharr Tarraingt Siar	21				21	
Ar Thoiliú	151			146	297	
De bharr Diúltú	323	88	1	106	518	
Iomlán na nIarratas Nár Ceadaíodh	**495**	**88**	**1**	**252**	**836**	**52%**
Iomlán na nIarratas ar Tugadh Breitheanna ina leith	1120	92	22	361	1595	
Iarratais atá Gníomhach ar Athbhreithniú					519	
Iomlán na nIarratas a Rinneadh					2114	

**Tá an tSeirbhís Dócmhainneachta ar an eolas faoi roinnt cásanna ina dtaifeadtar agóid ó chreidiúnaí mar agóid a seastar léi ach ar thángthas ar chomhshocraíocht ina leith tar éis idirbheartaíochta idir an féichiúnaí agus an creidiúnaí atá i mbun na hagóide.*

taobh thiar den laghdú is ea teacht chun cinn leanúnach dhlí-eolaíocht na hArd-Chúirte, lena dtugtar soiléire maidir le gnéithe áirithe den reachtaíocht. Idir an dá linn, leanann an tSeirbhís Dócmhainneachta le geallsealbhóirí a choinneáil ar an eolas faoi aon fhorbairtí trí na rChoimrí tréimhsiúla a chuireann sí ar fáil.

Cinntear formhór na n-iarratas ar athbhreithniú ar bhonn na n-argóintí a chuirtear síos maidir le fiúntas tráchtála gach cáis, lena n-áirítear inbhuanaitheacht na dtograí agus méid an dochair líomhnaithe a rinneadh do chreidiúnaithe. Bhí sé dúshlánach cásanna beo a thabhairt chun críche sa bhliain 2020, go háirithe mar gheall ar an athrú ar imthosca féichiúnaithe de bharr phaindéim Covid-19. Dá bhrí sin, is dóigh go mbeidh cásanna den sórt sin fós beo go dtí go bhfaighfear soiléire maidir le himthosca féichiúnaithe sa todhchaí. D'ainneoin na moilleanna sin, leanann na cúirteanna le béim a leagan ar an ngá atá ann le cásanna a thabhairt chun críche a luaithe is féidir. Toisc eile ina leith sin is ea an líon achomharc a rinneadh chuig an Ard-Chúirt in aghaidh breitheanna ón gCúirt Chuarda. Tá roinnt de na hachomhairc sin ag cur moill ar dhul chun cinn na gcásanna a rachaidh an toradh ar achomhairc áirithe i bhfeidhm orthu. Is cosúil, áfach, go bhfuil méadú beag ann ar an líon cásanna atá á réiteach trí idirbheartaíocht socraíochta. Táthar ag súil leis go gcabhróidh an méid sin leis an riaráiste torthaí cásanna a íoslaghdú tuilleadh.

Achoimre ar Rialuithe Suntasacha ón gCúirt faoi Alt 115A sa bhliain 2020

Leagtar amach sa tábla thíos na breitheanna suntasacha a thug an Ard-Chúirt le linn na bliana 2020. Tá na breitheanna sin ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ag www.courts.ie.

Cás	Na príomh-shaincheisteanna ar déileáladh leo	Dáta	Hipearnasc chuig an mbreithiúnas
McNamara	Aicme an chreidiúnaí. Inbhuanaitheacht. Diúscairt Sócmhainní.	20/08/2019 02/03/2020	
Forde Egan	Cearta creidiúnaithe in aghaidh céile (féimheach urscaoilte). Costais.	20/12/2019 02/03/2020	
Varvari	Rinne Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta easpa díchill chuí leordhóthanaigh maidir le hioncam a fhíorú. Saothraíodh achomharc nuair a bhíothas eolach ar an easpa inacmhainneachta.	27/01/2020	
Lowe	Fiachas i gcomaoin cothromais.	02/03/2020	
Hyde (alt120)	Caitheadh le creidiúnaí urraithe amhail is gur chreidiúnaí neamhurraithe é/í.	09/03/2020	
Nuzum	Bhí costais rómhóra ag baint le fanacht sa phríomháit chónaithe phríobháideach.	30/03/2020	
Fay	Aicme an chreidiúnaí. Fiachas iomchuí de bharr iasacht tráchtála a bheith ann.	06/04/2020	
Murphy	Fiachas iomchuí.	12/10/2020	

Tionscadal Phoenix

Tháinig Córas nua Bainistíochta Cásanna Dócmhainneachta na Seirbhíse Dócmhainneachta (Phoenix) i bhfeidhm an 7 Meán Fómhair 2020. Cuireadh é in áit an chórais roimhe a bhí bunaithe ar Lotus Notes, rud a cuireadh i bhfeidhm tar éis an tSeirbhís Dócmhainneachta a bhunú sa bhliain 2013. Soláthraítear leis an gcóras creat nua-aimseartha bunachair shonraí choibhneasta le haghaidh iarratais ar líne ó Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus Idirghabhálaithe Ceadaithe atá údaraithe ag an tSeirbhís Dócmhainneachta faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012. Seoltar na hiarratais sin chuig Córas ar Líne na Seirbhíse Cúirteanna, agus uaidh araon, ansin i gcomhréir leis na céimeanna de gach cás, mar atá leagtha síos sa chreat reachtaíochta dócmhainneachta príomha agus tánaistí.

Rinneadh sonraí ó bhreis agus 10,000 ceann de chásanna stairiúla agus de chásanna beo a ascnamh go rathúil isteach sa chóras nua. Ba ghá comhoibriú go dlúth le comhghleacaithe i Rannóg TF na Roinne Dlí agus Cirt agus sa tSeirbhís Chúirteanna, le Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus le hIdirghabhálaithe Ceadaithe chun an córas nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Soláthraítear leis an gcóras nua éifeachtúlachtaí suntasacha d'úsáideoirí inmheánacha agus seachtracha araon tríd an bpróiseas iarratais ar dhócmhainneacht a chuíchóiriú.

6 Reachtaíocht

An Bille um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2020 (Bille 76 de 2020)

Tugadh an Bille um Dhócmhainneacht Phearsanta (Leasú), 2020, isteach i Seanad Éireann an 16 Nollaig 2020. Beartaítear leis an mBille an tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, a leasú chun go bhféadfaidh daoine dócmhainneacha leas a bhaint as forálacha an Achta, lena n-áirítear daoine atá i gcruachás airgeadais de bharr thionchar eacnamaíoch phaindéim Covid-19, agus chun nósanna imeachta faoin Acht a nuachóiriú.

Foráiltear leis an mBille do dheireadh a chur leis an scoithdháta atá in alt 115A den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, rud lena dteorannaítear incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh faoin alt sin chuig daoine dócmhainneacha a n-áirítear riaráiste morgáiste tí a tabhaíodh roimh an 1 Eanáir 2015 lena dtogra le haghaidh fiachais a ghlanadh.

Toradh eile a bheidh ar an mBille is ea go mbeidh sé níos éasca d'fhéichiúnaí cáiliú d'Fhógra Faoisimh Fiachais tríd an uasteorainn sócmhainní a mhéadú ó €400 go €1,500.

Foráiltear leis an mBille go bhféadfaidh cúirt, ar iarratas a fháil ó Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta, deimhniú cosantach a fhadú i gcás gur deimhin leis an gcúirt go mbeadh sé sin á dhéanamh aici in imthosca eisceachtúla agus sna himthosca sin amháin. Soiléirítear leis freisin foras eile ar a bhféadfaidh an chúirt fadú a cheadú.

Méadófar leis an mBille, ó 14 lá go 28 lá, an tréimhse ar laistigh di nach mór do Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ón gcúirt faoi alt 115A den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012.

Chun nuachóiriú a dhéanamh ar nósanna imeachta faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, foráiltear leis an mBille go bhféadfar an cruinniú comhairleach idir féichiúnaí agus an tIdirghabhálaí Ceadaithe nó an Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta a thionól go cianda mar rogha eile ar chruinniú a thionól i bpearsa. Foráiltear leis go bhféadfaidh Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta comhlíonadh feidhmeanna faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, a tharmligean chuig duine atá fostaithe aige nó aici nó atá ag obair san aon ghnólacht amháin agus atá ag gníomhú faoina threoir nó faoina treoir.

Foráiltear leis an mBille freisin go bhféadfaidh féichiúnaí deimhniú fírinne a dhéanamh, rud nach gá é a mhionnú nó a dhearbhú go foirmiúil, mar rogha eile ar an dearbhú reachtúil a cheanglaítear mar chuid den iarratas ón bhféichiúnaí ar Fhógra Faoisimh Fiachais, ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta.

Dúirt an tAire Dlí agus Cirt go bhfuil dara Bille um Dhócmhainneacht Phearsanta, atá níos leithne ná an chéad cheann, á thabhairt chun críche faoi láthair. Cuirfear chun feidhme leis an mBille sin athruithe tábhachtacha eile a eascróidh as an athbhreithniú reachtúil ar na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, lena n-áireofar an próiseas a dhéanamh níos cuíchóirithe agus níos éifeachtaí.

Na Rialacháin fán Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Táillí Forordaithe) (Leasú), 2020 (I.R. Uimh. 678 de 2020)

Leis na Rialacháin, a rinne an tSeirbhís Dócmhainneachta an 22 Nollaig 2020 le toiliú an Aire Dlí agus Cirt, fadaítear an tarscaoileadh sealadach ó tháillí comhshocraíochta go deireadh mhí na Nollag 2023.

7 Cumarsáid

Tá Grúpa tiomnaithe Tionscadail Chumarsáide i bhfeidhm ag an tSeirbhís Dócmhainneachta. Cuimsíonn an grúpa ionadaithe trasrannóige na heagraíochta agus tá sé mar chúram air gníomhaíochtaí cumarsáide a phleanáil agus a chomhordú chun a chinntiú go scaiptear teachtaireachtaí tábhachtacha ar gach geallsealbhóir trí na cainéil chuí. Le linn na bliana 2020, thug an grúpa láithreoireachtaí do roinnt eagraíochtaí, rinne sé idirchaidreamh leis na meáin agus chinntigh sé go raibh rochtain éasca ag ár spriocphobal ar shuíomhanna Gréasáin, foilseacháin agus foinsí faisnéise gaolmhara na Seirbhíse Dócmhainneachta.

Faoi mar a tharla i mblianta roimhe, reáchtáil an tSeirbhís Dócmhainneachta mórfheachtas 'Back on Track' (www.backontrack.ie) arís sa chéad trí mhí den bhliain, ar tréimhse í ina bhfuil daoine ag déanamh machnamh ar a gcaiteachas um Nollaig agus ina bhféadfadh go mbeadh deacrachtaí airgeadais ag teacht orthu. Ba é cuspóir an fheachtais cur leis an bhfeasacht branda a gineadh sa bhliain 2019 agus an spriocphobal a stiúradh i dtreo backontrack.ie.

Bhí an feachtas dírithe ar aosaigh atá 35 bliain d'aois nó níos sine agus atá ag streachailt ón taobh airgeadais de. Tarraingíodh aird san fheachtas ar an mbrú ollmhór a ghabhann le fiachas agus ar an bhfaoiseamh mór a mhothaíonn daoine a luaithe a lorgaíonn siad cabhair. Soláthraíodh an feachtas trí fhógraí ar an teilifís, ar fhíseán ar éileamh, ar thaispeántais dhigiteacha, ar an raidió agus sa phreas agus trí fhógraí amuigh faoin spéir. Trí agallaimh raidió agus phreasa, mhol Stiúrthóir na Seirbhíse Dócmhainneachta do dhaoine labhairt faoi fhiachas agus d'aithin sé an dímrí a mhothaíonn daoine agus iad ag streachailt leis an saol. Bhí sé mar aidhm leis an bhfeachtas a chur in iúl do dhaoine nach bhfuil siad leo féin agus go bhfuil cabhair ar fáil dóibh, is cuma cé chomh dona, dar leo, agus atá an cor. Bhí feidhmíocht láidir ag an bhfeachtas ar fud gach cainéil mheán agus chomhlíon sé eochairtháscairí feidhmíochta amhail daoine a spreagadh cuairt a thabhairt ar an suíomh Gréasáin 'Back on Track'. Le linn an fheachtais, bhí 82,182 cuairteoir nua ann ar an suíomh Gréasáin 'Back on Track', i gcomparáid le 35,077 cuairteoir nua ar an suíomh le linn feachtas comhchosúil a reáchtáladh sa bhliain 2019.

D'fhan tuilleadh daoine sa bhaile de bharr phaindéim Covid-19 ar feadh na coda is mó den bhliain 2020, agus iad i dtuilleadh teagmhála leis an raidió agus leis na meáin dhigiteacha. Mar sin, thapaigh an tSeirbhís Dócmhainneachta an deis chun daoine atá i gcruachás airgeadais a stiúradh i dtreo an tsuímh Ghréasáin 'Back on Track' – suíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta atá dírithe ar fhéichiúnaithe – agus chun na réitigh atá ar fáil tríd an tSeirbhís Dócmhainneachta a chur chun cinn trí láithreacht "bhuan" a chothabháil sna meáin dhigiteacha ar feadh na gcúig mhí dheiridh den bhliain. Le linn an fheachtais, úsáideadh físeán cláir ar éileamh, díriú ar spriocphobal, aifinideacht shaincheaptha agus ráthaíochtaí cláir chun díriú go sonrach ar dhaoine a bhí ag déanamh taighde agus ag féachaint ar inneachar maidir le nithe amhail fiachas, comhdhlúthú fiachais, iasachtaí comhdhlúthaithe, riaráiste morgáiste, féimheacht agus dócmhainneacht.

Chomh maith leis sin, chuaigh an tSeirbhís Dócmhainneachta i dteagmháil leis na hearnálacha a ndearna paindéim Covid-19 an difear is mó dóibh agus rinne sí teagmháil le grúpaí ionadaíocha do dhaoine a oibríonn sa tionscal imeachtaí agus sna hearnálacha cúram leanaí, turasóireachta, fáilteachais agus iompair. Chuaigh an tSeirbhís Dócmhainneachta i dteagmháil le hollscoileanna, le haontais mhac léinn agus le Teachtaí Dála nuathofa freisin.

Ós rud é gur féidir le fiachas fadhbach difear suntasach a dhéanamh do mheabhairshláinte daoine, rinne an tSeirbhís Dócmhainneachta teagmháil le 39 eagraíocht meabhairshláinte ar fud na hÉireann chun tús eolais a thabhairt dóibh ar an tSeirbhís Dócmhainneachta agus chun faisnéis a thairiscint dóibh faoin raon réiteach atá ar fáil uainn lena tabhairt ar aghaidh d'aon duine atá ag streachailt le fiachas. Rinne an tSeirbhís Dócmhainneachta teagmháil le breis agus 800 paróiste freisin, ar chuir a lán díobh píosa faoin gcabhair atá ar fáil tríd an tSeirbhís Dócmhainneachta ar áireamh ina nuachtlitir paróiste.

8 Abhaile

Seoladh Abhaile, an 'Scéim um Chabhair agus Comhairle d'Iasachtaithe a bhfuil Riaráiste Morgáiste Tí orthu', an 22 Iúil 2016, agus é faoi chomhordú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá Abhaile á oibriú ag roinnt gníomhaireachtaí i gcomhar lena chéile, lena n-áirítear an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS), an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an tSeirbhís Dócmhainneachta. Faoin scéim, a bheidh ar siúl go 2022 anois tar éis don Rialtas í a fhadú i mí Mheán Fómhair 2019, soláthraítear raon seirbhísí chun cabhrú le daoine a bhfuil riaráiste morgáiste orthu agus, trí dhearbhán a n-eisíonn MABS go lárnach é, tairgtear rochtain saor in aisce ar chomhairle maidir le cúrsaí airgeadais agus dlí trí phainéil ghairmithe cáilithe rialáilte.

Coimeádann an tSeirbhís Dócmhainneachta painéal Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta, a gcistítear iad chun comhairle agus cabhair neamhspleách airgeadais a thabhairt saor in aisce d'iasachtaithe incháilithe. Próiseálann sí na héilimh ó na Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta sin freisin. Tháinig painéal nua Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta Abhaile i bhfeidhm an 2 Márta 2020 tar éis téarmaí agus coinníollacha na scéime a athbhreithniú. Bhí 47 Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta ann ar an bpainéal amhail mí na Nollag 2020.

Éascaítear le scéim Abhaile sreabhadh réidh faisnéise idir MABS agus Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta go háirithe, rud atá tábhachtach nuair atáthar ag féachaint le freastal ar iasachtaithe agus cabhair a thabhairt dóibh ar bhealach comhtháite ag an am is cuí.

De réir thaifid MABS, eisíodh 1,833 dearbhán chuig iasachtaithe le haghaidh comhairliúchán saor in aisce le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta agus rinne na Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta sin a chuir comhairliúchán i gcrích le hiasachtaithe 1,653 dearbhán a fhuascailt sa bhliain 2020.

Cé go luainíonn an líon ceann de dhearbháin Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta Abhaile a eisítear agus a fhuasclaítear ina dhiaidh sin gach bliain, bhí laghdú 53% agus 18% ann ar an líon dearbhán a eisíodh agus a fuasclaíodh faoi seach sa bhliain 2020 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2019. Is i leith thionchar Covid-19 go príomha a chuirtear an laghdú sin ar ghníomhaíocht. Dá ainneoin sin, chonacthas arís eile sa bhliain 2020 an treocht dhearfach a tugadh faoi deara an bhliain roimhe, áit a bhfuil formhór na n-iasachtaithe a théann i dteagmháil le Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta níos mó ná dhá bhliain chun deiridh lena morgáiste. Is ionann na daoine agus spriocphobal na scéime.

Tá anailís ar aschuir phainéal Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta Abhaile ó sheoladh na scéime go deireadh na bliana 2020 curtha i láthair anois. Tá anailís níos doimhne déanta ina dhiaidh sin ar na torthaí a baineadh amach d'fhéichiúnaithe ar fhuascail Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta dearbháin ina leith i Ráithe 3 den bhliain 2019.

I mbeagán focal, léirítear san anailís uainn ar an mbliain 2020 go bhfuil réitigh á mbaint amach go tráthúil d'iasachtaithe trí phainéal Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta Abhaile agus go bhfuil a lán díobh á dtarchur ónár gcomhghleacaithe i MABS. Tá 78% de na hiasachtaithe atá i gceist sa chatagóir dheacair daoine atá níos mó ná 2 bhliain chun deiridh lena riaráiste morgáiste. Moladh réiteach reachtúil do 82% do na hiasachtaithe sin.

Anailís ar phainéal Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta Abhaile – Aschuir agus Torthaí d'Fhéichiúnaithe

Úsáidtear dhá chineál táscaire chun anailís a dhéanamh ar rath an phainéil Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta trí scéim Abhaile:

A. **Táscairí aschuir**, lena dtugtar faisnéis chúlra a bhaineann leis an nglacadh leis an scéim trí dhearbháin Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta a eisiúint agus a fhuascailt (mar atá léirithe thíos ó sheoladh na scéime sa bhliain 2016 go deireadh na bliana 2020); agus

B. **Táscairí toraidh**, lena léirítear na Torthaí a baineadh amach amhail Lúnasa 2020 d'iasachtaithe ar fuasclaíodh dearbháin Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta ina leith i Ráithe 3 den bhliain 2019 (bunaithe ar shampla ionadaíoch ón 'Anailís Iniúchta Dhomhain').

Táscairí Aschuir ó Abhaile

11,723
an líon dearbhán a d'fhuascail Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta ó thús na scéime go mí na Nollag 2020

B'ionann luach iomlán an fhiachais a bhain leis na dearbháin sin agus
€5.69 billiún

B'ionann luach iomlán an fhiachais a bhain leis na dearbháin sin agus
€3.46 billiún

B'ionann an cothromas diúltach iomlán* a bhain leis na dearbháin sin agus
€795 milliún

75%
an céatadán d'iasachtaithe a ghlac páirt sa scéim a bhí níos mó ná dhá bhliain chun deiridh lena morgáiste

57%
an céatadán d'iasachtaithe a tarchuireadh ó MABS (42%) nó a raibh imeachtaí cúirte ar son athshealbhaithe os a gcomhair (15%)

71%
an céatadán d'iasachtaithe ar moladh réiteach foirmiúil dóibh trí iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú Cosantach

15%
an céatadán d'iasachtaithe ar moladh réitigh neamhfhoirmiúla eile dóibh

4%
an céatadán d'iasachtaithe ar moladh dóibh iarratas a dhéanamh chuig an Scéim Cíos in ionad Morgáiste

4%
an céatadán d'iasachtaithe ar moladh dóibh iarratas a dhéanamh ar fhéimheacht

* Cothromas diúltach - is lú luach na réadmhaoine ná an morgáiste atá dlite

B. Torthaí - An Anailís Iniúchta Dhomhain sa bhliain 2020

Faoin Scéim, athbhreithníonn an Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta imthosca airgeadais an iasachtaí agus déanann sé/sí moladh chun aghaidh a thabhairt ar a d(h) eacrachtaí airgeadais. Is é cuspóir na 'hAnailíse Iniúchta Dhomhain' a dhéantar gach bliain a scrúdú cad a tharla don iasachtaí tar éis an mholta sin. Ní fhéadfar scrúdú den sórt sin a dhéanamh ach amháin go cúlghabhálach ós rud é go léirítear i sonraí ón tSeirbhís Dócmhainneachta gurb amhlaidh, maidir le cásanna ar thángthas ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta iontu sa bhliain 2020, gur thóg sé pas beag níos mó ná sé seachtaine ar an meán chun Deimhniú Cosantach a fháil agus gur thóg sé ceithre seachtaine eile is tríocha ar an meán chun ceadú do chomhshocraíocht a fháil ón gcúirt.

Baineann an 'Anailís Iniúchta Dhomhain' a rinneadh sa bhliain 2020 le 536 iasachtaí ar fhuascail Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta dearbhán ina leith i Ráithe 3 den bhliain 2019. Tá miondealú ar na torthaí a baineadh amach do na hiasachtaithe sin amhail Lúnasa 2020 tugtha thíos (Fíor B1). Tugtar leis an ngrafaic faisnéise ina dhiaidh sin forbhreathnú ar phríomhfhionnachtana na hAnailíse Iniúchta Dhomhain.

- Tá réiteach i bhfeidhm ag 153 iasachtaí (29%); idir réitigh fhoirmiúla (26%) agus réitigh neamhfhoirmiúla (3%) – tá Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta i bhfeidhm ag 136 duine, tháinig 15 dhuine ar réiteach neamhfhoirmiúil agus breithníodh beirt ina bhféimheach.
- Tá 171 iasachtaí (32%) ag obair lena gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta chun teacht ar réiteach foirmiúil – tá 76 duine i mbun phróiseas athbhreithnithe alt 115A, tá 82 duine ag lorg réiteach foirmiúil, tá aon duine dhéag ag feitheamh ceadú ón gCúirt tar éis an chruinnithe creidiúnaithe, agus tá beirt eile ag smaoineamh faoi achainí a dhéanamh le haghaidh féimheachta.
- Tá 51 iasachtaí (9%) ag lorg réiteach neamhfhoirmiúil – tá 39 duine ag obair lena gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta chun comhshocraíocht neamhfhoirmiúil a bhaint amach, lena n-áirítear dháréag a bhfuil an rogha 'Cíos in ionad Morgáiste' á lorg acu. Ina theannta sin, tarchuireadh ochtar ar ais chuig MABS chun tacaíocht a fháil agus tarchuireadh an ceathrar eile chuig tríú páirtithe chun comhshocraíochtaí neamhfhoirmiúla a shaothrú.



Fíor B1: *Miondealú ar thorthaí iasachtaithe ó Ráithe 3 den bhliain 2019 amach, dar le Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta i mí Lúnasa 2020: 536 iasachtaí sa sampla*

- Ní dhearna 154 iasachtaí (29%) aon bheart eile tar éis dóibh moladh a fháil ón gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta. Leanann Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta le hiarracht leanúnach a dhéanamh dul i dteagmháil leis an gcohórt sin.
- Ghéill cúigear iasachtaithe (1%) a n-áras go deonach. Tabhair faoi deara go bhféadfadh gur thoradh fabhrach don iasachtaí a bheadh ina n-áras a ghéilleadh go deonach, ag brath ar a (h)imthosca.
- Tá beirt iasachtaithe (0%) aicmithe sa chatagóir 'eile'. Thug an Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta faoi deara gur tarraingíodh na cásanna foirmiúla siar ach nach raibh aon chatagóir eile oiriúnach dá gcor ag an am.

Is féidir go raibh tionchar ag paindéim Covid-19 agus ag na srianta a bhí ag gabháil leis ar na figiúirí thuas toisc, roimh an mbliain atá i gceist, go raibh treocht sheasta ann maidir leis an gcéatadán de dhaoine nach raibh ag comhoibriú, agus é sa raon idir 12-13%. Ní raibh aon athrú ann, tríd is tríd, ar na figiúirí do réitigh fhoirmiúla agus do réitigh neamhfhoirmiúla.

Abhaile – Torthaí na hAnailíse Iniúchta Dhomhain sa bhliain 2020

78% an céatadán d'iasachtaithe sa sampla a bhí níos mó ná dhá bhliain chun deiridh lena morgáiste nuair a lorg siad comhairle ó Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta

82% an céatadán d'iasachtaithe ar moladh dóibh comhshocraíocht fhoirmiúil a shaothrú faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012

64% an céatadán d'iasachtaithe a tarchuireadh chuig a gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta trí MABS

98% an céatadán d'iasachtaithe a bhfuil Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta i bhfeidhm acu a d'fhan ina n-áras

136 an líon Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta a cuireadh i bhfeidhm

92% an céatadán de chomhshocraíochtaí a cuireadh i bhfeidhm gan aon agóid ó chreidiúnaithe

39% an céatadán de chomhshocraíochtaí a raibh laghdú ar an morgáiste ar áireamh iontu

49% an céatadán de na comhshocraíochtaí uile sa bhliain 2020 ar cheadaigh iasachtóirí neamhthraidisiúnta iad

Bhí caipitliú riaráiste agus ansin fadú téarma ar na cineálacha athstruchtúraithe morgáiste is mó úsáid i gcomhshocraíochtaí le hiasachtóirí traidisiúnta agus le hiasachtóirí neamhthraidisiúnta araon. Tá laghdú ar an bpríomhshuim/laghdú, atá ar an tríú cineál athstruchtúraithe is mó úsáid, níos coitianta i measc iasachtóirí neamhthraidisiúnta ná i measc iasachtóirí traidisiúnta.

9 Geallsealbhóirí

Gníomhaíonn an tSeirbhís Dócmhainneachta mar údarás ar na roghanna reachtúla dócmhainneachta pearsanta atá ar fáil do dhaoine aonair a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu. Tá sé mar aidhm aici sonraí staitistiúla agus treochtaí is díol spéise a thabhairt do gheallsealbhóirí maidir leis an nglacadh leis na roghanna sin ar bhonn rialta, toisc gur ag athrú de shíor a bhíonn an timpeallacht ina n-oibríonn an reachtaíocht dócmhainneachta pearsanta. Le linn na bliana, lean an tSeirbhís Dócmhainneachta le dul i dteagmháil le raon leathan geallsealbhóirí chun an creat dócmhainneachta pearsanta a fhorbairt ar mhaithe le gach saoránach. Go deimhin, léiríodh go soiléir le linn phaindéim Covid-19 cé chomh tábhachtach agus atá sé go n-oibreodh gach geallsealbhóir le chéile chun torthaí cothroma a bhaint amach d'fhéichiúnaithe agus do chreidiúnaithe. D'ainneoin na ndúshlán a tháinig as na srianta a cuireadh i bhfeidhm de bharr na paindéime, tharla sé, a bhuí leis an obair a chuir cuid mhór daoine isteach, go raibh an creat dócmhainneachta pearsanta fós i mbun feidhme do dhaoine aonair ar theastaigh cúnamh uathu. Go háirithe, déanann an tSeirbhís Dócmhainneachta idirchaidreamh le Cumann na gCleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus le Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann ar bhonn leanúnach maidir le saincheisteanna éagsúla.

An Coiste Maoirseachta ar Phrótacail

Bunaíodh an coiste sa bhliain 2015 chun faireachán agus cur chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme praiticiúil na bPrótacal um Fhógraí Faoisimh Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta4 ar chomhaontaigh na geallsealbhóirí éagsúla iad ar mhaithe le feabhas a chur ar oibriú foriomlán an chreata dócmhainneachta. Cuimsíonn an coiste ionadaithe do chreidiúnaithe, do ghrúpaí féichiúnaithe, do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus do dhaoine eile agus, cé nár tháinig sé le chéile sa bhliain 2020, leanadh leis an obair in dhá ghrúpa oibre a bunaíodh faoin gCoiste Maoirseachta ar Phrótacail chun na nithe seo a leanas a bhreithniú: (i) teimpléad um chruthúnas ar fhiachas; agus (ii) doiciméid athbhreithnithe/athraithe bhliantúil agus sceideal íocaíochtaí díbhinne.

An rChoimre do Gheallsealbhóirí

Foilsíodh dhá rChoimre do gheallsealbhóirí sa bhliain 2020, ceann amháin i mí Eanáir agus an ceann eile i mí Dheireadh Fómhair. Tá an rChoimre ar cheann de na príomh-mhodhanna cumarsáide idir an tSeirbhís Dócmhainneachta agus an mórphobal geallsealbhóirí. San rChoimre, a fhoilsítear ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta de réir mar is gá, tugtar forbhreathnú beacht ar na gníomhaíochtaí atá ar bun laistigh den tSeirbhís Dócmhainneachta agus ar fhorbairtí tábhachtacha eile ar mhaithe le forbairt leanúnach an chreata dócmhainneachta pearsanta a éascú. Go háirithe, achoimrítear san rChoimre na mionsonraí is tábhachtaí faoi na breitheanna a tugadh i gcásanna cúirte ábhartha chun aird a tharraingt ar theacht chun cinn na réiteach reachtúil le himeacht ama agus ar shaincheisteanna ar ábhair spéise iad, agus tugtar naisc dhíreacha chuig breithiúnais scríofa ón gcúirt inti freisin.

Nuachtlitreacha do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta

Foilsíodh dhá nuachtlitir do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta sa bhliain 2020, ceann amháin i mí Eanáir agus an ceann eile i mí na Samhna. Seoltar na nuachtlitreacha sin le ríomhphost chuig gach Cleachtóir údaraithe Dócmhainneachta Pearsanta agus úsáidtear iad chun Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta a choinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna beartais agus teicniúla agus faoi mhíreanna praiticiúla i dtaca le teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta, go háirithe

[4] Is foilsithe ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta atá na Prótacail um Chomhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta. Féach https://www.isi.gov.ie/EN/ISI/PAGES/FINALISED_PROTOCOL

trína Córas Bainistíochta Cásanna. Cartlannaítear nuachtlitreacha do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta tríd an tairseach forbartha gairmiúla atá i bhfeidhm agus is é an aidhm atá leo gníomhú mar stór faisnéise do gach Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta, lena n-áirítear iad sin a údaraíodh le déanaí.

Cruinnithe Athnuachana le Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta

Is í trí bliana an tréimhse údarúcháin agus bhí údarú 32 Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta le hathnuachan sa bhliain 2020. Díobh sin, chinn trí dhuine dhéag gan athnuachan a n-údaraithe a lorg agus d'iarr beirt eile go scoirfí dá n-údarú roimh an dáta athnuachana. Tá samhlacha difriúla oibriúcháin in úsáid ag Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus, in imthosca inar cuireadh níos lú ná trí chomhshocraíocht ar cheadaigh an chúirt iad i bhfeidhm sa tréimhse trí bliana roimhe, iarrtar ar Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta ar mian leo a n-údarú a athnuachan bualadh le Rannóg Rialála na Seirbhíse Dócmhainneachta. Is é cuspóir na gcruinnithe sin a dhéanamh amach an amhlaidh nó nach amhlaidh gur leordhóthanach agus i bhfeidhm atá na hacmhainní (acmhainn airgeadais san áireamh), na beartais, na nósanna imeachta, na córais agus na rialuithe a theastaíonn chun go gcomhlíonfaidh Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta a n-oibleagáidí faoin Acht agus na rialacháin arna ndéanamh faoin Acht. De bhreis air sin, tá na cruinnithe sin ina ndeis le haghaidh caidreamh a chothú agus plé a dhéanamh ar na deiseanna agus na dúshláin atá ann don phobal Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta. Cuireadh 10 gcruinniú den sórt sin ar siúl sa bhliain 2020.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta

I mí Feabhra, tionóladh ceardlann do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta ar spéis leo dul isteach i bpainéal nua Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta Abhaile. I measc na míreanna a pléadh bhí athruithe ar Théarmaí agus Coinníollacha phainéal Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta Abhaile, an tionscadal um theagmháil le féichiúnaithe agus an t-aiseolas tosaigh a fuarthas ina leith, agus saincheisteanna móra a bhí ag teacht chun cinn i ndáil le héilimh íocaíochta a phróiseáil. Bhí an cheardlann ina hardán ag a raibh Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus a mbaill foirne in ann labhairt go díreach le baill d'fhoireann na Seirbhíse Dócmhainneachta faoi shaincheisteanna praiticiúla. Ina theannta sin, bhí sí ina fóram ina raibh rannpháirtithe in ann a dtaithí phraiticiúil luachmhar a chomhroinnt agus na deiseanna agus na dúshláin atá ann sa réimse dócmhainneachta pearsanta a shainaithint.

Sa bhliain 2020, dámhadh uaireanta forbartha gairmiúla leanúnaí do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta a chuir oiliúint i gcrích ar Phoenix, an córas nua bainistíochta cásanna. Tá creat forbartha gairmiúla leanúnaí do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta á fhorbairt go fóill freisin, rud lena dtabharfar deis dóibh uaireanta a ghnóthú trí bhreithniú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna ábhartha Ard-Chúirte, mar a chuirtear ar áireamh sna rChoimrí ón tSeirbhís Dócmhainneachta.

Teagmháil le Creidiúnaithe

I bhFómhar na bliana 2020, thionscain an tSeirbhís Dócmhainneachta sraith eile cruinnithe idirphlé leis na príomhiasachtóirí, na príomhsheirbhíseoirí agus na príomhchistí miondíola. Is é cuspóir na gcruinnithe sin aiseolas a bhailiú faoi chur chun feidhme fhorálacha an Achta um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, agus díospóireacht a éascú ar na saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar an gcreat dócmhainneachta pearsanta de réir mar a fhorbraítear é. Is é aidhm na gcruinnithe idirphlé rialta sin bealach oscailte cumarsáide a chinntiú trínar féidir treochtaí agus aiseolas a chomhroinnt. De réir na 'hAnailíse Iniúchta Dhomhain' ar Abhaile, atá leagtha amach níos luaithe sa tuarascáil seo, tá ról méadaitheach á imirt ag cistí le blianta beaga anuas maidir leis na comhshocraíochtaí a ceadaíodh.

Leanann an tSeirbhís Dócmhainneachta le hidirchaidreamh a dhéanamh le Banc Ceannais na hÉireann, le Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann agus leis an mBord um Chultúr Baincéireachta na hÉireann chun cláir ábhartha oibre a ailíniú.

Cumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta

Lean an tSeirbhís Dócmhainneachta le dul i dteagmháil le Cumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta chun coinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna idirnáisiúnta i réimse na dócmhainneachta pearsanta, mar aon le leas a bhaint as na deiseanna líonraithe a bhí ann chun dea-chleachtais a chomhroinnt. I mí Lúnasa, d'éascaigh an Cumann dhá fhíschomhdháil maidir

le freagairtí praiticiúla agus reachtacha chun dul i ngleic le dúshláin Covid-19. Streachail gach dlínse, a bheag nó a mhór, leis an athrú tobann go dtí an chianobair. Tionóladh comhdháil agus cruinniú ginearálta bliantúil an Chumainn 2020 go fíorúil, agus an ócáid á hóstáil ag an nGlacadóir Oifigiúil i Hong Cong. Reáchtáladh roinnt seimineár Gréasáin, ar lena linn a cuireadh béim ar leith ar an teicneolaíocht a úsáid chun éifeachtúlacht cleachtóirí agus rialálaithe dócmhainneachta a mhéadú agus chun tacú le comhlíonadh féichiúnaithe.

Bhí an teagmháil seo a leanas ag an tSeirbhís Dócmhainneachta le geallsealbhóirí maidir le Covid-19:

Sosanna Íocaíochta

I gcomhairle le Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann agus lena cuid ball, tháinig Cumann na gCleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus an tSeirbhís Dócmhainneachta ar chomhaontú maidir le próiseas agus teimpléid ghaolmhara le haghaidh sosanna íocaíochta morgáiste a lorg do na féichiúnaithe sin a bhí ina bpáirtí i gcomhshocraíocht reachtúil agus a ndearnadh difear dá n-ioncam de bharr ghéarchéim Covid-19.

Scéim Abhaile

Chun cabhrú le hiasachtaithe rochtain a fháil ar sheirbhísí phainéal Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta Abhaile, chuaigh an tSeirbhís Dócmhainneachta i dteagmháil le deasc dearbhán MABS agus le Cleachtóirí ábhartha Dócmhainneachta Pearsanta chun a chomhaontú gurbh amhlaidh, in ionad síniú a fháil ón iasachtaí, go nglacfaí le deimhniú ríomhphoist ón iasachtaí i gcomhar le foirm iarratais chomhlánaithe ar dhearbhán Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta.

Rinne an tSeirbhís Dócmhainneachta idirchaidreamh le Grúpa Oibre Abhaile freisin chun tréimhse bhailíochta na ndearbhán a fhadú faoi thrí mhí eile chun am breise a thabhairt d'iasachtaithe dul i dteagmháil le Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta (bhí feidhm ag an bhfadú sin maidir le dearbháin a eisíodh idir an 1 Eanáir agus an 30 Meitheamh 2020).

Cruinniú idir féichiúnaí agus Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta

Tagraítear san Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, agus i dtéarmaí agus coinníollacha phainéal Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta Abhaile do chruinniú idir an féichiúnaí agus Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta (nó ball foirne de chuid an Chleachtóra). Glactar leis gurb é cruinniú fisiciúil aghaidh ar aghaidh atá i gceist leis sin. Mar thoradh ar shrianta Covid-19 agus ar an ngá a bhí ann le bearta eisceachtúla a dhéanamh chun an tsláinte phoiblí a chosaint, d'eisigh an tSeirbhís Dócmhainneachta teachtaireacht chuig Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta i mí an Mhárta 2020 á rá gurbh fhearr dóibh comhairliúcháin a thairiscint d'fhéichiúnaithe trí fhíschomhdháil, i gcás go measfaí gur gá déanamh amhlaidh, chun críocha an Achta um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, agus phainéal Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta Abhaile.

Foirmeacha Seachvótálaithe a Fhianú

Tharraing creidiúnaithe aird na Seirbhíse Dócmhainneachta ar na fadhbanna a bhí ag roinnt daoine lena shocrú go ndéanfaí síniú duine údaraithe a fhianú ar fhoirm seachvótálaithe mar gheall ar an líon mór fostaithe a bhí ag obair go cianda. Is leis na Rialacháin fán Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Nósanna imeachta chun Cruinnithe Creidiúnaithe a Stiúradh), 2013 (I.R. Uimh. 335 de 2013), a rialáiltear stiúradh cruinnithe creidiúnaithe. Mar gheall ar an rogha a thugtar dóibh sna Rialacháin, rinne an tSeirbhís Dócmhainneachta idirchaidreamh le Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus, mar chomhartha dea-mhéine, chomhaontaigh siad an córas seachvótálaithe a éascú le linn na paindéime trí ghlacadh le seachvótálaithe san fhoirm atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin, gan a cheangal go ndéanfaí síniú an duine údaraithe a fhianú.

Comhshocraíochtaí Cúirte

I mí an Mhárta, ag gníomhú di mar fhreagairt do na hiarrataí a rinne Cumann na gCleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta thar ceann Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta, do na forbairtí i ndáil le leathadh Covid-19 agus don ghá a bhí ann le leanúnachas gnó a chinntiú in imthosca urghnácha, rinne an tSeirbhís Dócmhainneachta teagmháil leis an tSeirbhís Chúirteanna d'fhonn teacht ar chur chuige comhaontaithe i leith na nósanna imeachta a bhí le leanúint chun leanúnachas cásanna dócmhainneachta pearsanta a chinntiú sa chóras. Comhaontaíodh prótacal leis na sainbhreithiúna den Chúirt Chuarda, rud a scaipeadh ina dhiaidh sin ar gheallsealbhóirí ábhartha.

10 An tEolas Corparáideach is Déanaí

Soláthar Foirne

Tá ag an tSeirbhís Dócmhainneachta riachtanas oibriúcháin le 86.5 ball foirne. Agus patrúin oibre á gcur san áireamh, bhí 76.5 coibhéis lánaimseartha fostaithe sa tSeirbhís Dócmhainneachta ag an 31 Nollaig 2020. Léirítear sa tábla thíos an líon ball foirne (mar choibhéisí lánaimseartha) agus iad miondealaithe ina rannóga difriúla.

Miondealú Rannóige	
Stiúrthóir	1
Féimheacht	37
Bainistíocht Cásanna	20
Beartas agus Rialáil	11
Seirbhísí Dlí	2
Gnóthaí Corparáideacha	5.5
Iomlán	76.5

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Gan aon bhord reachtúil a bheith aici, tá ag an tSeirbhís Dócmhainneachta foireann ardbhainistíochta a thagann le chéile faoi chathaoirleacht ag an Stiúrthóir. Is é ról na foirne ceannaireacht, treo, tacaíocht agus treoir straitéiseach a thabhairt don tSeirbhís Dócmhainneachta agus tiomantas a chothú do na croíluachanna, na croíbheartais agus na croíchuspóirí atá aici. Bhí 12 chruinniú ag an bhfoireann ardbhainistíochta sa bhliain 2020. Nuair nach raibh comhalta in ann bheith i láthair ag cruinniú, d'fhreastail ionadaí air ina (h)áit i bhformhór na gcásanna.

	An Líon Cruinnithe de chuid na Foirne Ardbhainistíochta ar Freastalaíodh Orthu
Michael McNaughton	12
Trevor Noonan	12
Liza Doyle	11
John Phelan	8
Christopher Lehane[5]	5
Denis Ryan	2
Ian Larkin	2
Niamh Lenehan	2
Cormac Keating[6]	1

Mar chomhlacht reachtúil neamhspleách, rinne an tSeirbhís Dócmhainneachta struchtúir chuimsitheacha agus nósanna imeachta cuimsitheacha rialachais chorparáidigh a ghlacadh chun a chinntiú go gcuireann sí ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh i bhfeidhm ar aon dul leis na ceanglais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Chloígh an tSeirbhís Dócmhainneachta le gach nós imeachta cuí don bhliain 2020 i ndáil le tuairisciú airgeadais, le hiniúchóireacht inmheánach, le soláthar agus le diúscairtí sócmhainní. Tá cuntais agus rialuithe inmheánacha na Seirbhíse Dócmhainneachta faoi réir iniúchadh inmheánach agus seachtrach. Tá an dóigh a riartar eastáit féimheachta faoi réir athbhreithniú neamhspleách freisin, agus eisítear tuarascáil bhliantúil chuig an Ard-Chúirt ina leith. Chomhlíon an tSeirbhís Dócmhainneachta na hoibleagáidí uile atá uirthi faoin dlí cánachais.

[5] D'fhág Christopher Lehane an tSeirbhís Dócmhainneachta i mí Lúil 2020. Ainmníodh Denis Ryan chun feidhmeanna an tSannaí Oifigiúil don Fhéimheacht a chomhlíonadh go mí na Samhna 2020, tráth a ceapadh Ian Larkin chuig an bpost.

[6] D'fhág Cormac Keating an tSeirbhís Dócmhainneachta i mí Feabhra 2020. Sannadh Niamh Lenehan chun feidhmeanna an Chinn um Beartas, Rialáil agus Gnóthaí Corparáideacha a chomhlíonadh go mí Aibreáin 2020, tráth a ceapadh John Phelan chuig an bpost.

Comhaontú Maoirseachta

Bhí an tSeirbhís Dócmhainneachta agus an Roinn Dlí agus Cirt ina bpáirtí i gComhaontuithe Maoirseachta agus Soláthar Feidhmíochta don bhliain 2020. Doiciméadaítear sna comhaontuithe sin leibhéal comhaontaithe seirbhíse idir na páirtithe. Leagtar amach iontu na gealltanais faoi seach ar cheart feidhmíocht a thomhas ina n-aghaidh agus tacaítear leo leis an misean atá curtha in iúl sa Phlean Straitéiseach ón tSeirbhís Dócmhainneachta, is é sin: daoine dócmhainneacha a dhéanamh sócmhainneach arís agus iad a fhilleadh ar pháirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch.

An Cód Caiteachais Phoiblí

Ar fud na bliana, lean an tSeirbhís Dócmhainneachta ar aghaidh ag cloí le bearta infheidhme an Chóid Chaiteachais Phoiblí arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

2020	Buiséad €	Caiteachas €	Difríocht €
Pá	4,710,000	3,848,669	861,331
Neamhphá	2,800,000	2,881,560*	(81,560)*
Iomlán	7,510,000	6,730,229	779,771

* Mar a comhaontaíodh le rannóg rialachais na Roinne Dlí agus Cirt, ceadaíodh leibhéal cistiúcháin don Sannaí Oifigiúil don Fhéimheacht agus cistíodh go páirteach é ó choigilteas i mbuiséad neamhphá na Seirbhíse Dócmhainneachta.

Bainistíocht Riosca

Feidhmíonn an tSeirbhís Dócmhainneachta beartas foirmiúil bainistíochta riosca agus tá clár rioscaí i bhfeidhm aici, i gcomhréir le treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é an aidhm atá leis an gclár rioscaí ná a chinntiú go ndéanfar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú agus go ndéanfar na bearta maolaitheacha cuí nuair is gá. Tiomsaítear an clár rioscaí thar ceann na foirne ardbhainistíochta agus athbhreithnítear ar bhonn míosúil é.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnú riosca sa tSeirbhís Dócmhainneachta, tugadh beartas riosca na Seirbhíse Dócmhainneachta cothrom le dáta agus glacadh clár rioscaí atá i bhformáid nua go foirmiúil sa bhliain 2020.

Agus iad ag léiriú na bpríomhthosaíochtaí de chuid na heagraíochta, ba iad seo a leanas na príomhrioscaí féideartha ar bhainistigh an tSeirbhís Dócmhainneachta iad sa bhliain 2020:

- An córas nua bainistíochta cásanna dócmhainneachta a chur chun feidhme, rud a tháinig i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2020.
- Leanúnachas gnó a chothabháil le linn na paindéime Coróinvíris, lenar áiríodh an riachtanas a bhí ann le baill foirne a chur ag obair go cianda den chuid is mó agus sláinte agus sábháilteacht na mball foirne uile a bhí ag obair san oifig a chinntiú. Áiríodh leis na bearta eile a cuireadh chun feidhme prótacail a chomhaontú leis na cúirteanna chun leanúnachas cásanna dócmhainneachta pearsanta a chinntiú sa chóras agus cead a thabhairt do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta comhairliúcháin a thairiscint d'fhéichiúnaithe trí fhíschomhdháil.

Saoráil Faisnéise

Lean an tSeirbhís Dócmhainneachta ar aghaidh ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá uirthi faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Dhéileáil sí le cúig iarraidh Saorála Faisnéise sa bhliain 2020.

Cosaint Sonraí

Cosnaíonn an tSeirbhís Dócmhainneachta iomláine na sonraí a sholáthraíonn úsáideoirí ár seirbhísí agus tríú páirtithe dúinn. Sa bhliain 2020, rinneamar ár mbeartais chosanta sonraí a athbhreithniú agus a athnuachan agus thugamar faoi oiliúint foirne chun cabhrú lena chinntiú go leanaimid le Rialachán Ginearálta an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh. Thug an tSeirbhís Dócmhainneachta freagra ar thrí iarraidh ar rochtain d'ábhair shonraí sa bhliain.

Nochtadh Cosanta

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ceanglaítear ar an tSeirbhís Dócmhainneachta tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar an líon nochtaí cosanta a rinneadh dó agus ar an mbeart, dá mb'ann, a rinneadh mar fhreagairt do na nochtaí cosanta sin. Níor tugadh fógra don tSeirbhís Dócmhainneachta faoi aon nochtaí cosanta sa bhliain.

Cairt Custaiméirí

Tá an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí atá i bhfeidhm ag an tSeirbhís Dócmhainneachta ar fáil ar a suíomh Gréasáin ag www.isi.gov.ie. Leagtar amach sa Chairt na caighdeáin seirbhíse ar féidir le custaiméir a bheith ag súil leo ón tSeirbhís Dócmhainneachta. Fuarthas gearán amháin faoin gcairt um sheirbhís do chustaiméirí sa bhliain 2020.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2020

Ní mór don tSeirbhís Dócmhainneachta tuairisc a thabhairt gach bliain ar úsáid fuinnimh a hoifige agus ar na tionscnaimh a rinneadh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh.

Leagtar amach sa tábla thíos an tuairisceán a chuir an tSeirbhís Dócmhainneachta faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) de réir I.R. Uimh. 426 de 2014.

	Leictreachas	Gás
2019	232,459 kWh	169,189 kWh
2020	269, 575 kWh	215,548 kWh

Déan Teagmháil Linn

- **Líne Faisnéise:** 076 106 4200 / +353 76 106 4200
- **Saorthéacs:** Saorthéacsáil 'ISI' chuig 50015 nó Saorthéacsáil GETHELP chuig 50015
- **Ríomhphost:** info@isi.gov.ie / press@isi.gov.ie
- **Suíomhanna Gréasáin:** www.isi.gov.ie / www.backontrack.ie
- **Facebook:** Back-On-Track
- **Twitter:** www.twitter.com/ISIbackontrack

11 Appendix 1
Cás-Staidéir

Cás-Staidéar 1: Laghdú Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais

Oibrí oifige atá 37 bliain d'aois is ea Sinéad. Tá sí scartha óna fear céile agus tá sí ina cónaí i gcóiríocht ar cíos anois.

Roimh an scaradh, cheannaigh Sinéad agus a hiarfhear céile teach teaghlaigh agus árasán le chéile. Bhí fiachas mór ar chártaí creidmheasa acu. Bhí deacrachtaí acu na haisíocaíochtaí a dhéanamh agus bhain a bhfiachas leibhéal neamh-inbhuanaithe amach. Tar éis dheireadh an phósta, bhog iarfhear céile Shinéad chun na Ríochta Aontaithe agus scoir sé d'aon íocaíochtaí a dhéanamh chun an fiachas a ghlanadh. Rinne an t-iasachtóir an teach teaghlaigh agus an t-árasán a athshealbhú agus a dhíol ina dhiaidh sin, rud a d'fhág fiachas iarmharach os cionn €150,000 nach mbeadh Sinéad in ann a aisíoc. Rinne Sinéad teagmháil le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta le haghaidh comhairle.

Tar éis don Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta cás Shinéad a mheasúnú, mhol an Cleachtóir di gurbh é Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais an réiteach ab oiriúnaí dá himthosca. Rinne an Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta iarratas chuig an gcúirt ar dheimhniú cosantach thar ceann Shinéad. Is cleachtas caighdeánach é sin mar chuid den phróiseas iarratais ar dhócmhainneacht. Ní raibh ceangal ar Shinéad dul chun na cúirte chun go ndeonófaí an Deimhniú di. Leis an Deimhniú Cosantach, tugadh cosaint do Shinéad ar a creidiúnaithe le linn na tréimhse ina raibh a Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais á cur i bhfeidhm agus ní raibh cead ag creidiúnaithe teagmháil a dhéanamh léi le linn na tréimhse sin.

Thairg Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta Shinéad togra dá creidiúnaithe inar leagadh amach an méid a bheadh Sinéad in ann a íoc chun an fiachas a ghlanadh, agus caighdeán maireachtála réasúnach á choinneáil ar bun aici.

Ghlac na creidiúnaithe leis an togra agus chomhaontaigh an chúirt leis ina dhiaidh sin. Chuaigh Sinéad isteach i gComhshocraíocht Socraíochta Fiachais ar feadh tréimhse 60 mí. Chomhaontaigh sí méid seasta a íoc gach mí.

Ag deireadh na tréimhse, beidh díbhinn atá cothrom le thart ar 6% faighte ag gach creidiúnaí, díscríobhfar an fiachas neamhurraithe €140,000 atá fágtha agus déanfar an féichiúnaí sócmhainneach arís.

> "Bhí sé chomh dona sin gurbh fhuath liom a fheiceáil ar theacht abhaile dom cad a seoladh sa phost. Bhí braistint faoisimh agam ón uair a cheap mé mo Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta i leith. Níl aon litir dhoiligh ó chreidiúnaí faighte agam ón lá sin ar aghaidh."

Cás-Staidéar 2: Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann Ciste

Fear pósta 44 bliain d'aois is ea Terry. Cónaíonn sé sa teach teaghlaigh lena bhean chéile agus le ceathrar leanaí cleithiúnacha. Tá sé i mbun fostaíochta lánaimseartha agus oibríonn sé in oifig. Tháinig Terry ar dheacrachtaí airgeadais nuair a cuireadh a bhean chéile ar iomarcaíocht. Ní raibh sí in ann leath na n-íocaíochtaí míosúla morgáiste a íoc a thuilleadh agus, in éagmais a ranníocaíochta, thit Terry i riaráiste ar an morgáiste.

Tar éis tréimhse trí bliana nach raibh sé in ann na haisíocaíochtaí a dhéanamh lena linn, dhíol an banc morgáiste Terry le ciste, a fuair ordú seilbhe in aghaidh a thí. Chuala cara leis an teaghlach faoi scéim Abhaile ar an raidió agus mhol an cara go lorgódh Terry comhairle ghairmiúil. Is é is Abhaile ann ná seirbhís in aisce d'iasachtaithe dócmhainneacha atá i mbaol a dteach a chailleadh de bharr riaráiste morgáiste. Mar chuid den tseirbhís, is féidir le hiasachtaithe leas a bhaint as comhairliúchán saor in aisce le painéal gairmithe, lena n-áirítear Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta.

Rinne Terry teagmháil le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta ó phainéal Abhaile agus, tar éis comhairliúcháin, cuireadh in iúl dó go mbeadh Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta ar an réiteach ab oiriúnaí lena bhféadfaí athstruchtúrú an mhorgáiste ar an teach teaghlaigh a éascú agus Terry a dhéanamh sócmhainneach arís.

Faoin gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, chomhaontaigh an creidiúnaí an t-iarmhéid a laghdú faoi €80,000 agus go gcaithfí leis an méid sin mar fhiachas neamhurraithe sa chomhshocraíocht.

Fadaíodh téarma an mhorgáiste go 30 bliain agus dhéanfadh Terry aisíocaíochtaí seasta a bheadh ar a acmhainn.

Chomhaontaigh an creidiúnaí gan an t-ordú a fhorghníomhú agus a éileamh ar shealbhú na réadmhaoine a ghéilleadh don fhéichiúnaí laistigh de 21 lá ó cheadú na cúirte don chomhshocraíocht sin. Bhí Terry in ann an teach teaghlaigh a choinneáil agus bhí sé in ann coinneáil suas leis na haisíocaíochtaí níos ísle.

Léirítear sa chás seo gurb amhlaidh, fiú i gcás go ndearna iasachtóir bearta chun teach a athshealbhú, nach bhfuil sé ródhéanach do dhuine fós a c(h)uid airgeadais a dheisiú agus, más féidir, a t(h)each a choinneáil.

> "B'eol dom lom láithreach nár chuma léi (an Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta). Thuig sí an cor."

Cás-Staidéar 3: Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta lena mbaineann an scéim Cíos in ionad Morgáiste

Is lánúin phósta ina gcaogaidí iad Olivia agus Patrick. Cónaíonn siad i dteach trí sheomra leapa. D'oibrigh Olivia roimhe sin mar fheighlí leanaí. Diagnóisíodh sé bliana ó shin go bhfuil tinneas uirthi a chiorraíonn saol duine, áfach, agus níl sí in ann obair. Bhí Patrick ag obair roimhe sin mar Oibrí Ginearálta ach oibríonn sé anois mar chúramóir lánaimseartha do Olivia agus faigheann sé liúntas cúramóra.

Rinne an lánúin a seacht ndícheall a morgáiste a aisíoc. Chomhaontaigh siad lena n-iasachtóir gan ach "ús amháin" a íoc ar feadh tréimhse ama. Ós rud é gurbh ionann an fiachas morgáiste amuigh agus níos mó ná €300,000 agus go raibh fiachas pearsanta eile a bhí cothrom le €20,000 acu, áfach, ní raibh an morgáiste inbhuanaithe a thuilleadh. Chuaigh siad i dteagmháil le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta le haghaidh comhairle.

Tar éis dóibh a n-aois, a n-ioncam agus a n-ionchais sa todhchaí ó thaobh ioncam breise a thuilleamh de a mheasúnú, sainaithníodh Cíos in ionad Morgáiste a bheith ar an mbealach is fearr chun caitheamh leis an bhfiachas urraithe a bhí le cur san áireamh ina gComhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta.

Leis an scéim cíos in ionad morgáiste, cumasaítear do na daoine sin atá i dteideal déanamh amhlaidh aistriú ó úinéireacht an tí a bheith acu chuig é a fháil ar cíos mar thionónta tithíochta sóisialta. Faoin scéim, aistrítear úinéireacht an tí chuig Comhlacht Ceadaithe Tithíochta nó chuig cuideachta phríobháideach agus éiríonn an duine ina t(h)ionónta tithíochta sóisialta, agus é/í ag íoc cíos réasúnta atá bunaithe ar a (h)ioncam.

I gcás Olivia agus Patrick, b'ionann agus €337,672 an fiachas urraithe iomlán amuigh. Ag teacht sna sála ar luacháil neamhspleách a rinneadh ar mhargadhluach reatha na réadmhaoine, measadh athluacháil an tí a bheith cothrom le €170,000. Díscríobhadh fiachas neamhurraithe na lánúine freisin.

D'éascaigh an Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta an próiseas Cíos in ionad Morgáiste idir na féichiúnaithe agus a soláthraí morgáiste. Aistríodh úinéireacht an tí chuig comhlachas tithíochta ar mhéid a comhaontaíodh idir an soláthraí morgáiste agus an comhlachas tithíochta, agus lean an lánúin ar aghaidh ag cónaí ann mar thionóntaí, agus cíos réasúnta á íoc aici.

Fuair an t-iasachtóir an tsuim a fuarthas as díol an tí agus díscríobhadh an fiachas iarmharach.

Tá an lánúin sócmhainneach arís agus tá ag an mbeirt réiteach fadtéarmach ar a bhfadhbanna fiachais, rud lena gceadaítear dóibh fanacht ina dteach teaghlaigh.

> "Dá mba rud é gurbh eol dom ansin an méid is eol dom anois, ba cheart réiteach dócmhainneachta a bheith roghnaithe agam blianta ó shin in ionad dul ar aghaidh ag streachailt agus ag iarraidh idirbheartú i m'aonar."

Cás-Staidéar 4: Fógra Faoisimh Fiachais – athrú imthosca

Bean shingil 39 bliain d'aois a bhfuil leanbh amháin aici is ea Maria. Bhí Maria dífhostaithe tráth a hiarratais ar Fhógra Faoisimh Fiachais. D'fhabhraigh Maria fiachas €32,000 ar chártaí creidmheasa agus ar iasachtaí pearsanta, rud nach raibh inbhuanaithe.

Bhuail Maria le hIdirghabhálaí Ceadaithe atá údaraithe ag an tSeirbhís Dócmhainneachta chun iarratas ar Fhógra Faoisimh Fiachais a phróiseáil d'fhéichiúnaí a bhí ag iarraidh a d(h)eacrachtaí fiachais a réiteach, agus aontaíodh gur chomhlíon Maria na critéir le haghaidh Fógra Faoisimh Fiachais. Bhí Maria dócmhainneach agus deonaíodh Fógra Faoisimh Fiachais di. De bharr Fógra Faoisimh Fiachais a bheith i bhfeidhm, faoi réir tréimhse maoirseachta suas le trí bliana ar fad a chur isteach, dhíscríobhfaí méid iomlán a fiachais.

Dhá bhliain tar éis thús na tréimhse maoirseachta trí bliana, chuir Maria in iúl don tSeirbhís Dócmhainneachta gur éirigh léi fostaíocht shealadach a fháil agus go mbeadh ioncam á thuilleamh aici ar feadh tréimhse ama. Chuir Maria na doiciméid ábhartha faoi bhráid na Seirbhíse Dócmhainneachta lena n-athbhreithniú, mar a cheanglaítear leis an Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012.

I gcás go dtagann athrú ar imthosca an fhéichiúnaí le linn thréimhse maoirseachta an Fhógra Faoisimh Fiachais toisc go méadaítear a (h)ioncam, déanfaidh an tSeirbhís Dócmhainneachta an méid atá le géilleadh don tSeirbhís Dócmhainneachta a ríomh trí aird a thabhairt ar chaiteachais mhaireachtála réasúnacha an duine.

Faoi mar atá amhlaidh i gcás na réiteach uile de chuid na Seirbhíse Dócmhainneachta, creideann an tSeirbhís Dócmhainneachta go bhfuil duine i dteideal caighdeán maireachtála réasúnach a bheith aige/aici. Tá ag an tSeirbhís Dócmhainneachta treoirlínte maidir le caiteachais mhaireachtála a meastar a bheith réasúnach le maireachtáil dá réir tar éis aon íocaíochtaí fiachais a dhéanamh. Tugtar caiteachais mhaireachtála réasúnacha orthu agus déantar lamháil leo do chaiteachais amhail bia, éadaí, sláinte, earraí tí agus seirbhísí tí, cumarsáid, oideachas, iompar, cúram leanaí agus árachas. Déantar lamháil bheag leo freisin do choigilteas agus do chaiteachais theagmhasacha.

Ríomhadh caiteachais mhaireachtála réasúnacha Maria a bheith cothrom le €2,294 agus, tráth an iarratais uaithi, bhí sí ag maireachtáil go mór faoin méid treoirlíne sin.

Faoin Acht, féadfar ceangal a chur ar dhuine atá faoi réir Fógra Faoisimh Fiachais agus a méadaítear a g(h)lanioncam míosúil faoi €400 nó níos mó in aghaidh na míosa leath an mhéadaithe sin a ghéilleadh don tSeirbhís Dócmhainneachta lena híoc lena c(h) reidiúnaithe.

Bhain an tSeirbhís Dócmhainneachta úsáid as na caiteachais mhaireachtála réasúnacha mar bhonnmhéid lena chur i gcomparáid le hioncam sealadach Maria. I gcás Maria, ní raibh aon íocaíocht le híoc leis an tSeirbhís Dócmhainneachta toisc nach raibh a hioncam nua €400 níos mó ná na caiteachais mhaireachtála réasúnacha.

Tháinig Fógra Faoisimh Fiachais Maria chun deiridh sa bhliain 2020. Díscríobhadh a fiachas agus tá sí sócmhainneach anois.

> "Ní raibh aon airgead á thuilleamh agam agus bhí néal dorcha os cionn mo chinn. Mheas mé gurbh é sin an réiteach ab fhearr dom agus ní áibhéil é a rá nach raibh aon rud le cailleadh agam"

Cás-Staidéar 5: Féimheacht – Féimheach Urscaoilte

Tháinig roinnt deacrachtaí airgeadais ar Liam mar thoradh ar thinneas a d'fhág nach raibh sé in ann obair ar feadh tréimhse fhada ama. Bhí fiachas neamhurraithe €85,000 aige agus ní raibh sé in ann teacht ar chomhshocraíocht lena chreidiúnaithe. Chuaigh sé i dteagmháil le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta, a d'eagraigh athbhreithniú ar a imthosca airgeadais.

Bhreithnigh sé gach ceann de na roghanna a bhí aige. Ós rud é nach raibh aon fhiachas urraithe aige, ní raibh sé in ann Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a shaothrú. Chomh maith leis sin, ní ghlacfaí le Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais toisc gur mheas sé nach mbeadh sé in ann teacht ar chomhaontú le formhór a chreidiúnaithe. Comhaontaíodh ag an deireadh gurbh í féimheacht fhéintionscanta an rogha ab fhearr a bhí aige. Bhí faitíos air i dtús faoin rogha sin a shaothrú, de bharr an stiogma a bhí ag baint léi. Mhínigh a Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta an próiseas dó agus chuir an Cleachtóir ar a shuaimhneas é. Tar éis dó a mhachnamh a dhéanamh air, líon sé isteach na foirmeacha riachtanacha agus d'íoc sé an táille iarratais €200.

Chuir a Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta in iúl dó cén dáta ar a mbeadh air dul chun na cúirte agus bhain sé an chúirt amach mar a iarradh. Chuaigh a Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta in éineacht leis. Tháinig beirt bhall foirne ó Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann ina dtreo agus mhínigh siad cad a bheadh ag teastáil ar an lá. Thug siad a mhionsonraí pearsanta agus mhínigh siad dó cad a tharlódh san éisteacht. Chuir sé iontas air cé chomh tapa is a bhí an próiseas iarbhír a bhí i gceist le duine a bhreithniú ina f(h)éimheach. D'fhiafraigh an Breitheamh an raibh a pháipéir uile in ord agus, ar an méid sin a dheimhniú, breithníodh ina fhéimheach é. Mhair an próiseas níos lú ná dhá nóiméad ar fad. Tar éis dó an seomra cúirte a fhágáil, d'inis na baill foirne ó Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann dó go mbeadh siad i dteagmháil leis chun a chás a phlé.

Thart ar mhí amháin ina dhiaidh sin, chuaigh ball den tSeirbhís Dócmhainneachta i dteagmháil leis. D'athbhreithnigh an ball sin a chuid ioncaim agus caiteachais. Ós rud é gur lú a ghlanioncam ná a chaiteachais mhaireachtála réasúnacha, measadh é gan a bheith faoi dhliteanas Ordú Íocaíochta Féimheachta agus fuair sé litir ón tSeirbhís Dócmhainneachta inar deimhníodh an méid sin. Chuaigh ball eile den tSeirbhís Dócmhainneachta i dteagmháil leis chun a shócmhainní a phlé, agus rinneadh measúnú orthu sin. Tamall beag tar éis a urscaoilte ó fhéimheacht, fuair Liam litir a bhí sínithe ag an Sannaí Oifigiúil inar deimhníodh gur urscaoileadh é.

Mar fhreagra, scríobh an féichiúnaí chuig an Sannaí Oifigiúil chun an t-eispéireas dearfach a bhí aige sa phróiseas a chur in iúl.

"A Uasail Lehane, a chara,

Go raibh maith agatsa agus ag d'fhoireann as an dóigh ar chaith sibh liom le linn m'fhéimheachta le déanaí.

Bhí gach duine sa tSeirbhís Dócmhainneachta cabhrach agus cúirtéiseach agus níor labhair aon duine díobh liom ar bhealach a chuir náire orm faoina bheith i m'fhéimheach.

B'ábhar mór misnigh é an teanga a úsáideadh sa litir urscaoilte agus ba mhór agam é sin.

Le dea-mhéin
(tá ainm an duine á choinneáil siar)"

Aguisín 2

Tuilleadh mionsonraí agus na príomhstaitisticí - Fógraí Faoisimh Fiachais, Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta

Laghdú 29% ar an líon Deimhnithe Cosantacha sa bhliain 2020

Laghdaigh an líon Deimhnithe Cosantacha a eisíodh sa bhliain 2020, ó 1,986 ceann go 1,402 ceann. Is dóigh gur tháinig an laghdú sin chun cinn mar thoradh ar thús phaindéim Covid-19 sa bhliain 2020 agus ar an ngá a bhí ann go gcuirfeadh Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta iarratais siar go dtí go socródh imthosca féichiúnaithe síos. Tá an figiúr sin ar cheann de na príomhtháscairí ar an líon féichiúnaithe a dhéanfaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta le himeacht ama.



Laghdú 15% ar an líon Comhshocraíochtaí ar cheadaigh an Chúirt iad sa bhliain 2020

Laghdaigh an líon Comhshocraíochtaí a ceadaíodh sa bhliain 2020, ó 1,448 ceann go 1,232 ceann. Is dóigh gur tháinig an laghdú sin as an laghdú ar an líon iarratas a cuireadh faoi bhráid na Seirbhíse Dócmhainneachta i bhfianaise forbairtí a bhain le Covid-19. Ina theannta sin, cuireadh an ceadú do roinnt Comhshocraíochtaí siar toisc gur ghá do chuid mhór féichiúnaithe leas a bhaint as tacaí rialtais le linn na tréimhse agus gur ghá do na cúirteanna bheith deimhin faoi inbhuanaitheacht na gComhshocraíochtaí sin.





Feidhmíocht Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta, 2020

- Bhí an 30 Príomhchleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta freagrach as 1,080 Comhshocraíocht, cothrom le 97% de na Comhshocraíochtaí Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta uile (Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta)

- Bhí an 20 Príomhchleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta freagrach as 991 Comhshocraíocht, cothrom le 89% de na Comhshocraíochtaí Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta uile (Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta)

- Bhí na 10 bPríomhchleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta freagrach as 747 Comhshocraíocht, cothrom le 67% de na Comhshocraíochtaí Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta uile (Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta)

- D'áirithigh 47 Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta amháin ar a laghad sa bhliain 2020

- D'áirithigh 25 Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta idir Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta amháin agus 10 gcinn sa bhliain 2020

- D'áirithigh 16 Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta idir 11 Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta agus 49 ceann sa bhliain 2020

- D'áirithigh seisear Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta 50 Comhshocraíocht Cheadaithe nó níos mó amach sa bhliain 2020

Aguisín 3

Tuilleadh mionsonraí agus na príomhstaitisticí - Beartas agus Rialáil

Achoimre ar stádas na nÚdaruithe	
Cleachtóirí Údaraithe Dócmhainneachta Pearsanta ag deireadh na bliana	85
Údaruithe nua sa bhliain 2020	2
Athnuachan údaruithe sa bhliain 2020	19
Neamhathnuachan údaruithe sa bhliain 2020	13
Scor d'údarú roimh dhul as feidhm	2
Idirghabhálaithe Ceadaithe ag deireadh na bliana	11
Daoine freagracha a bhí nasctha le hÚdaruithe Idirghabhálaithe Ceadaithe	135

De ghnáth, is ar feadh trí bliana a mhaireann údarú mar Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta. Ba sa bhliain 2013 a údaraíodh Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta den chéad uair.

Aguisín 4
Tuilleadh mionsonraí agus na príomhstaitisticí - Féimheacht



B'ionann agus 118 duine an líon féichiúnaithe a rinne achainí chuig an Ard-Chúirt ar son a bhféimheachta féin sa bhliain 2020, i gcomparáid le 229 duine sa bhliain 2019 - ar figiúr é atá cothrom le laghdú 111 duine. Thionscain creidiúnaithe 12 fhéimheacht sa bhliain 2020, i gcomparáid le 34 ceann sa bhliain 2019 - ar figiúr é atá cothrom le laghdú 22 ceann. Bíonn sé casta féimheachtaí den sórt sin a riar.

Cineál Cáis, 2020	2020 % Miondealú
Creidiúnaí Achainíoch	9.2%
Féinbhreithniú	90.8%

Árais Teaghlaigh/Príomháiteanna Cónaithe Príobháideacha

Athdhílsíodh 105 ceann d'árais teaghlaigh/de phríomháiteanna cónaithe príobháideacha don iarfhéimheach faoin riail 3 bliana sa bhliain 2020. Chuir an Rannóg Féimheachta 10 socraíocht i gcrích leis an iarfhéimheach nó le céile an fhéimhigh i dtaca leis na réadmhaoine sin. Rinne an Sannaí Oifigiúil 11 iarratas chun a leas san áras teaghlaigh/sa phríomháit chónaithe phríobháideach a dhíol sa bhliain 2020.

Imscrúduithe agus Aisghabháil Sócmhainní

Is é atá i bhféimheacht ná próiseas ina dtugtar faoiseamh fiachais d'fhéimhigh agus ina n-aistrítear a sócmhainní go léir chuig an Sannaí Oifigiúil ag an am céanna. Chun sláine an chórais a chothabháil, caithfidh féimhigh nochtadh iomlán a dhéanamh agus comhoibriú leis an Sannaí Oifigiúil. Leanfaidh an Oifig seo dá beartas um aisghabháil aon sócmhainní neamhdhearbhaithe a shaothrú go bríomhar. Rinneadh 165 imscrúdú le linn na bliana 2020. I roinnt mhaith cásanna, sainaithníodh in imscrúduithe go raibh sócmhainní neamhnochta ann, lenar áiríodh cuntais bhainc, carranna, réadmhaoine, ioncam cíosa agus aistrithe sócmhainní roimh fhéimheacht (ba mhó ná €2m luach na sócmhainní den sórt sin a réadaíodh). Aisghabhadh níos mó ná €540,165 in aon chás amháin.

Forfheidhmiú agus Comhlíonadh

Cuireadh Foireann Forfheidhmithe agus Comhlíonta ar bun chun na cúraimí seo a leanas a chomhlíonadh: cásanna Creidiúnaí Achainíoch a bhainistiú; réadmhaoine a bhfuil leas cíosa ag an Sannaí Oifigiúil iontu a bhainistiú; sócmhainní féimheachta a iniúchadh agus gabháil sócmhainní a dhéanamh in situ; a chinntiú go gcomhlíonfaidh féimhigh téarmaí a bhféimheachta; agus a chinntiú

go gcomhoibreoidh siad go hiomlán leis an Oifig. Le linn na bliana 2020, ba iad nósanna imeachta i gcás neamh-chomhoibriú ba chúis le horduithe fadaithe téarma féimheachta i 14 chás. Maidir leis na 14 ordú sin, orduithe eatramhacha a bhí i ndeich gcinn díobh agus orduithe deiridh a bhí i 4 cinn díobh. Ba le haghaidh tréimhsí idir 4 bliana agus 8 mbliana a bhí téarmaí na n-orduithe fadaithe deiridh a deonaíodh.

Réadú Sócmhainní

Réadaíodh sócmhainní dar luach €5,691,978 ina 140 Eastát Féimheachta. Fuarthas €4,176,226 ó Shócmhainní Inaistrithe a dhíol agus fuarthas €1,515,752 ó Shócmhainní Do-aistrithe a dhíol.

	Méid €
Díol Urrús	1,626,840
Fáltais ó Thalamh agus Foirgnimh	1,515,752
Ioncam cíosa ó réadmhaoine	854,977
Fáltais ó Fhiachais Dhlite agus ó fhoinsí eile	852,010
Orduithe Íocaíochta Ioncaim	672,634
Tiontú Pleananna Pinsean ina nAirgead	169,765
Iomlán	**5,691,978**

Ordú Íocaíochta Féimheachta

Is é is Orduithe Íocaíochta Féimheachta ann ná orduithe ón gCúirt go n-íocfadh an féimheach suim shainithe ar bhonn míosúil leis an Sannaí Oifigiúil ar feadh tréimhse trí bliana ar a mhéad. Déantar méid an ordaithe a ríomh a bheith cothrom le barrachas ioncam míosúil an fhéimhigh thar na caiteachais mhaireachtála réasúnacha a cheadaítear dó/di faoi na Treoirlínte maidir le Caiteachais Mhaireachtála Réasúnacha (arna n-eisiúint ag an tSeirbhís Dócmhainneachta) agus aon chaiteachais incheadaithe Imthosca Speisialta.

Sa bhliain 2020, cuireadh 23 Ordú Íocaíochta Féimheachta i bhfeidhm tríd an Ard-Chúirt, rud a d'fhág go raibh meánfhigiúr míosúil a bhí cothrom le €777 in aghaidh an cháis á chur ar fáil le leas creidiúnaithe.

Íoc Díbhinní

Rinneadh díbhinní arbh ionann a n-iomlán carnach agus thart ar €2,866,617 le 146 creidiúnaí i 38 cás faoi dheireadh na bliana 2020.

12 Aguisín 5 Gluais téarmaí

"Na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta"

Na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 go 2015. Is féidir téacs comhdhlúite de na hAchtanna, arna ullmhú ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, a fháil anseo.

"Na hAchtanna Féimheachta"

Na hAchtanna Féimheachta, 1988 go 2015. Is féidir téacs comhdhlúite de na hAchtanna, arna ullmhú ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, a fháil anseo.

Abhaile - an Scéim um Chabhair agus Comhairle d'Iasachtaithe a bhfuil Riaráiste Morgáiste Tí orthu

Tá Abhaile ina sheirbhís saor in aisce a bhfuil mar aidhm léi cabhrú le húinéirí tí teacht ar réiteach ar riaráiste morgáiste tí. Soláthraíonn sé raon seirbhísí chun cabhrú le daoine a bhfuil riaráiste morgáiste orthu déileáil leis an gcor agus tairgeann sé rochtain saor in aisce ar chomhairle maidir le cúrsaí airgeadais, dlí agus dócmhainneachta.

Idirghabhálaí Ceadaithe

Is é is Idirghabhálaí Ceadaithe ann ná duine nó aicme daoine atá údaraithe ag an tSeirbhís Dócmhainneachta chun tacú le féichiúnaí iarratas a dhéanamh ar Fhógra Faoisimh Fiachais. Tá liosta d'Idirghabhálaithe Ceadaithe ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta.

Féimheacht

Is é is féimheacht ann ná próiseas dócmhainneachta pearsanta atá ar fáil faoin Acht Féimheachta, 1988, arna leasú, i gcás nach féidir le duine na fiachais atá air/uirthi a íoc. A luaithe a dhéantar féimheach de dhuine, tarlóidh sé, i bhformhór na gcásanna, go nglacfaidh oifigeach (an "Sannaí Oifigiúil") rialú ar mhaoin an duine sin agus go réadóidh sé/sí an mhaoin sin chun fiachais an fhéimhigh a íoc.

Ordú Íocaíochta Féimheachta

Is é is Orduithe Íocaíochta Féimheachta ann ná orduithe ón gCúirt go n-íocfadh an féimheach suim shainithe ar bhonn míosúil leis an Sannaí Oifigiúil ar feadh tréimhse trí bliana ar a mhéad. Déantar méid an ordaithe a mheas a bheith cothrom le barrachas ioncam míosúil an fhéimhigh thar na caiteachais mhaireachtála réasúnacha a cheadaítear dó/di faoi na Treoirlínte maidir le Caiteachais Mhaireachtála Réasúnacha arna n-eisiúint ag an tSeirbhís Dócmhainneachta.

Fógra Faoisimh Fiachais

Is é is Fógra Faoisimh Fiachais ann ná réiteach atá ar fáil do dhaoine atá ar ioncam íseal, nach bhfuil morgáiste acu agus nach bhfuil mórán sócmhainní acu. Féadfar suas go €35,000 a dhíscríobh leis an réiteach seo. Is féidir iarratas a dhéanamh air trí Idirghabhálaí Ceadaithe.

Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais

Cumasaítear le Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais d'fhéichiúnaí a f(h)iachais neamhurraithe a ghlanadh thar thréimhse ama (cúig bliana ar a mhéad de ghnáth), ar ina diaidh a dhíscríobhfar aon iarmhéid atá fágtha.

Anailís Iniúchta Dhomhain

Athbhreithniú mionsonraithe a dhéantar i Ráithe 3 gach bliain ar imthosca iasachtaithe, ar thograí comhshocraíochta (más ann dóibh) agus ar na torthaí ar dhearbháin Abhaile a fuasclaíodh.

"An Roinn"

An Roinn Dlí agus Cirt.

Comhshocraíocht Fhoirmiúil/ Réiteach Foirmiúil

Na réitigh reachtúla fiachais atá ar fáil.

Comhshocraíocht Neamhfhoirmiúil/Réiteach Neamhfhoirmiúil

Réitigh fiachais atá lasmuigh de na réitigh reachtúla atá ar fáil.

Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Tá Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann ina comhlacht reachtúil a bunaíodh faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012. Tá feidhmeanna na Seirbhíse Dócmhainneachta leagtha amach in alt 9 den Acht.

Sannaí Oifigiúil

Tá an Sannaí Oifigiúil ina (h)oifigeach de chuid na Cúirte, atá lonnaithe sa tSeirbhís Dócmhainneachta. Tá sé mar fheidhm aige/aici maoin an fhéimhigh a réadú, na fiachais agus na dliteanais a fháil amach agus na sócmhainní a dháileadh de réir fhorálacha an Achta Féimheachta, 1988.

Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta

Cé go bhfuil Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta cosúil le Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais ó thaobh fiachais neamhurraithe de, déileáiltear léi le fiachais urraithe freisin. Déantar fiachais urraithe a athstruchtúrú nó a ghlanadh le linn thréimhse na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta. Cuimsítear léi roinnt cosaintí d'fhéichiúnaithe a bhfuil riaráiste morgáiste orthu agus atá ag iarraidh a n-áras teaghlaigh a choinneáil, nuair is féidir é sin a dhéanamh.

Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta

Is é is Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta ann ná duine atá údaraithe ag an tSeirbhís Dócmhainneachta faoi Chuid 5 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, chun gníomhú mar Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta. Déanann Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta idirchaidreamh idir an féichiúnaí agus a c(h)reidiúnaithe i dtaca le Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta nó le Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais. Tá liosta de Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta.

Deimhniú Cosantach

Is é is Deimhniú Cosantach ann ná deimhniú arna eisiúint ag an gcúirt lena dtugtar cosaint d'fhéichiúnaí ar chreidiúnaithe ar feadh tréimhse agus é/í ag déanamh iarratas ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta. Ní fhéadfaidh creidiúnaithe teagmháil a dhéanamh leis an duine le linn na tréimhse sin. Tríd is tríd, beidh Deimhniú Cosantach i bhfeidhm ar feadh tréimhse 70 lá ach féadfar an tréimhse sin a fhadú in imthosca teoranta.

Duine Freagrach

Tá duine freagrach ina d(h)uine aonair a sholáthróidh seirbhísí Idirghabhála Ceadaithe d'iarratasóir is comhlacht corpraithe (duine freagrach)

Caighdeán Maireachtála Réasúnach/Caiteachais Mhaireachtála Réasúnacha

Faoi alt 23 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, ceanglaítear ar an tSeirbhís Dócmhainneachta treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint i dtaobh cad is caighdeán maireachtála réasúnach agus caiteachais mhaireachtála réasúnacha ann. Úsáidtear na treoirlínte le linn measúnú a dhéanamh ar a incháilithe atá féichiúnaí d'Fhógra Faoisimh Fiachais a fháil, le linn tograí Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta a cheapadh agus le linn don Chúirt ordú íocaíochta féimheachta a dhéanamh. Is é an phríomhaidhm atá leo treo a thabhairt d'Idirghabhálaithe Ceadaithe agus treoir a thabhairt do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus iad ag measúnú, le haghaidh fhorálacha ábhartha an Achta, cad atá 'réasúnach' ó thaobh caighdeán maireachtála agus caiteachais mhaireachtála de. Tá na treoirlínte ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta.

An Fhoireann Ardbhainistíochta

Gan aon Bhord Reachtúil a bheith aici, tá ag an tSeirbhís Dócmhainneachta Foireann Ardbhainistíochta a thagann le chéile faoi chathaoirleacht ag an Stiúrthóir. Is é ról na Foirne Ardbhainistíochta ceannaireacht, treo, tacaíocht agus treoir straitéiseach a thabhairt don tSeirbhís Dócmhainneachta agus tiomantas a chothú do na croíluachanna, na croíbheartais agus na croíchuspóirí atá aici.

Notaí

ISI
Dul i ngleic le fiachas fadhbach, le chéile

Bloc 2, Teach an Fhionnuisce, Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8, D08 T3CK
Teileafón: 076 106 4200 | Ríomhphost: info@isi.gov.ie